smartertravel >>>

Taisteal Níos Cliste Todhchaí An Iompair Inbhuanaithe

Pholasaí Iompair Nua D'éirinn: 2009 - 2020

Clár

Réamhfhocal An Taoisigh 5

Réamhfhocal An Aire Iompair 7

Achoimre An Fheidhmeannais 8

Caibidil 1: Treochtaí i dTaisteal agus in Iompar 14

Caibidil 2: Toradh an Phróisis Comhairliúcháin Poiblí 18

Caibidil a 3: Fís an Rialtais agus Spriocanna d'ardleibhéal 24

Caibidil a 4: Gníomhaíochta chun Taisteal níos Ciallmhaire a Spreagadh 30

Caibidil a 5: Gníomhaíochta chun Malairt Modhanna Taistil a sheachadadh 38

Caibidil a 6: Gníomhaíochta chun feabhas a chur ar Éifeachtacht Mhótar-Iompair 48

Caibidil a 7: Gníomhaíochta a Chinnteoidh Seachadadh Comhtháite an Pholasaí 54

Caibidil a 8: Dul Chun Cinn: Gearrthéarmach, Meántéarmach agus Fadtéarmach 60

Gluais 64

Réamhfhocal An Taoisigh

Sa scór bliain seo atá imithe thart, chonaic an tír seo athruithe móra. In anneoin na ndúshlán eacnamaíoch náisiúnta agus domhanda a tharla le déanaí, leis an fhás mór a bhí againn maidir le caighdeán maireachtála, tháinig dúshláin chomh maith, ar aon dul le roinnt mhaith sochaithe forbartha; mar shampla, conas dul i ngleic le hathrú aeráide.

Tá córas iompair mar pháirt lárnach do cheist na hathraithe aeráide. In Éirinn, lean leibhéal ardaithe úinéireachta cairr an fás eacnamaíoch, chomh maith le héileamh méadaithe ar thaisteal níos sábháilte agus níos seasmhaí. Is é freagra an Rialtais ar an ardú éilimh seo ná an mórthogra infheistíochta *Iompar 21*, ina ndéanfar, mar shampla, leagadh amach suas go €15.8 billiún in iompar phoiblí sa tréimhse suas go dtí an bhliain 2016. Cabhróidh *Iompar 21* linn an ceann is fearr a fháil ar ár n-easnamh infreastruchtúir. Ach ní féidir le h*Iompar 21* amháin dul i ngleic leis na himpleachtaí diúltacha a théann le fás éilimh ar iompar, mar shampla brú tráchta agus athrú aeráide.

Tá córas iompair d'ardchaighdeán riachtanach don eacnamaíocht, agus ba chóir go mbeadh sé de cheart ag gach aon saoránach taisteal go slán agus i gcompord. Is féidir linn dul i ngleic leis na himpleachtaí diúltacha trí thaisteal níos ciallmhaire. Leagann an Polasaí seo amach conas fís an Rialtais, Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe d'Éirinn roimh an bhliain 2020, a bhaint amach. In am agus i dtráth, beidh leibhéal infheistíochta breise ón Stát i bhfad níos airde agus tabharfaidh sé ár ndúshlán caiteachas a chur in ord tosaíochta. Beidh dúshlán na hinfheistíochta sa bhonneagar riachtanach againn, áfach. Ach is é an dúshlán is mó ná an t-athrú meoin a theastaíonn le cur ina luí ar shaoránaigh agus ar eagraíochtaí go n-eascraíonn neart buntáistí as athrú meoin i leith iompair. Tuigim go bhfuil sé de dhualgas orainn sa Rialtas gach aon rannóg a bheith ar chomhthuiscint maidir leis seo.

Cuireann cúrsaí iompair as do bheagnach gach saoránach go laethúil, agus beidh cur chun críche an Pholasaí seo mar phríomhaidhm ag an Rialtas. Caithfidh an Polasaí cuidiú linn ár n-oibleagáid idirnáisiúnta a chomhlíonadh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Ach an Polasaí seo á chur chun críche, tá de rún againn ní hamháin ár n-iomaíocht eacnamaíoch a fheabhsú, ach sláinte an phobail agus caighdeán maireachtála níos fearr a bhaint amach chomh maith.



Brian Cowen T.D.,
An Taoiseach

Réamhfhocal An Aire Iompair

"Níl treochtaí iompair reatha inbhuanaithe". Seo ráiteas a raibh athrá á dhéanamh air go minic le blianta beaga anuas. Ach cad go díreach a bhíonn i gceist againn nuair a deirimid é sin? Curtha go simplí, má leanann na treochtaí reatha i dtaisteal agus in iompar, beidh tionchar aige seo orainn uile agus beidh drochthionchar aige ar an eacnamaíocht agus ar an tsochaí ina hiomlán.

Beidh níos mó brú tráchta ann, rud a chiallaíonn go mbeidh sé níos deacra fiú amháin an turas is simplí a dhéanamh agus beidh níos mó struis ag baint leis. Is éard a chiallaíonn sé seo dóibh siúd a bhíonn ag taisteal ná laethanta níos faide, níos lú ama in éineacht lena dteaghlaigh, níos lú ama do chaitheamh aimsire agus níos lú ama chun a bheith mar chuid dá bpobail áitiúla.

Tá an méadú i mbrú tráchta ag déanamh dochair do shláinte agus comhshaol na glúine seo agus na glúnta atá le theacht. Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh ar seo a thuilleadh. Ciallaíonn sé seo uile go gcaithimid ár n-iompraíocht agus ár nósanna a athrú mar náisiún agus mar dhaoine aonair.

Tá *Taisteal níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* deartha chun a thaispeáint gur féidir linn patrúin reatha taistil agus iompair a iompú droim ar ais agus na tionchair atá ag na treochtaí reatha ar shláinte agus ar an gcomhshaol a laghdú agus caighdeán maireachtála a fheabhsú.

Is mar thoradh ar cheann de na cruinnithe is fairsinge agus is eolasaí a chonaic mé riamh mar Aire atá an cháipéis seo againn. Fuaireamar freagraí ó bheagnach 500 duine agus grúpa ón bpróiseas comhairliúcháin a bhí againn agus foilsíodh cáipéis chomhairliúcháin ann chomh maith. D'aontaigh beagnach gach duine nach rogha é "gnó mar is gnáth".

Leagann an polasaí seo amach na torthaí a bhí ar an bpróiseas comhairliúcháin sin agus an comhaontú ar na céimeanna nach mór a thógáil má táimid chun córas taistil agus iompair inbhuanaithe a bhaint amach roimh an bhliain 2020. Chun an leibhéal inbhuanaitheachta sin a bhaint amach, ní mór iompraíocht phearsanta a athrú, ní mór athruithe maidir le patrúin lonnaíochta a dhéanamh ar pholasaí poiblí agus beidh infheistíocht leanúnach in iompar poiblí ag teastáil.

De bharr an chomhairliúcháin fhorleathan agus na freagairtí ón bpobal, is féidir a rá gurbh é seo polasaí na ndaoine "chun ár nósanna nach bhfuil inbhuanaithe a athrú in earnáil an iompair agus an taistil". Má ghlacaimid uile leis agus iarracht dáiríre a dhéanamh an fhís seo a chur i gcrích, éireoidh linn pobail agus ár gcomhshaol a fheabhsú, ár n-eacnamaíocht a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos mó iomaíochta a bheith inti agus feabhsóidh an fhís caighdeán maireachtála ár saoránaigh go mór.

Noel Dempsey

Nollaig Ó Diomasaigh T.D.
An tAire Iompair

Achoimre an Fheidhmeannais

Níl treochtaí Taistil agus Iompair na hÉireann inbhuanaithe, mar a léiríonn Caibidil a 1 den Pholasaí seo.
Fiú amháin leis an infheistíocht chriticiúil in *Iompar 21*, má leanann muid orainn leis na polasaithe atá i bhfeidhm i láthair na huaire, rachaidh brú tráchta in olcas, coinneoidh astuithe iompair orthu ag fás, déanfar damáiste d'iomaíocht eacnamaíoch agus beidh an caighdeán maireachtála ag dul i léig.

Caibidil 2

Déanann Caibidil a 2 achoimre ar thorthaí an phróisis chomhairliúcháin poiblí a d'eagraigh an Rialtas chun fiosrú a dhéanamh ar na treochtaí thuasluaite. Tharla caidrimh shuntasacha idir an Rialtas, an pobal agus eagraíochtaí, agus glacadh le breis agus 480 aighneacht. Go ginearálta bhí na páirtithe ar aon intinn leis an Rialtas agus a bhfís chun córas inbhuanaithe iompair a bheith i bhfeidhm roimh an bhliain 2020, agus d'aithin mórchuid na bpáirtithe freisin gur theastaigh beartais fioscacha a thabhairt isteach ionas go méadóidh an pobal a neamhspleáchas ón gcarr mar mhodh taistil.

Caibidil a 3

I gCaibidil a 3 daingníonn an Rialtas a bhfís i leith iompair inbhuanaithe agus leagtar síos cúig phríomhsprioc: (i) éileamh iomláin ar thaisteal a laghdú, (ii) an líonra iompair a dhéanamh chomh héifeachtacht agus is féidir, (iii) gan a bheith ag brath an iomarca ar bhreoslaí iontaiseacha, (iv) gearradh siar ar astuithe ó iompar agus (v) iompar a bheith ar fáil níos éasca don phobal. Ionas gur féidir na spriocanna seo a bhaint amach agus chun a chinntiú go mbeidh córas inbhuanaithe iompair agus taistil againn roimh an bhliain 2020, leag an Rialtas amach na príomh spriocanna seo a leanas:

- Is i bhfoirmeacha dlútha inbhuanaithe a chothófar fás daonra agus fostaíocht sa todhchaí, rud a laghdóidh riachtanas taistil le haghaidh na hoibre agus seirbhísí
- Rachaidh 500,000 daoine eile chun na hoibre le malairt modh taistil, sa mhéid is go laghdóidh sciar iomlán taistil carr ó 65% go dtí 45%
- Cuirfear tacaíocht agus maoiniú ar fáil do mhalairt roghanna taistil ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí sa mhéid is gó n-ardaíonn a sciar go dtí 55%
- Ní thiocfaidh ardú suntasach ar an méid iomláin ciliméadar a thaistealaíonn an scata cairr sa bhliain 2020 le hais na bhfigiúirí reatha
- Bainfear amach laghdú ar fhigiúr na bliana 2005 do astuithe gáis cheaptha teasa san earnáil iompair

Caibidil a 4

Déanann Caibidil a 4 cur síos ar na gníomhaíochta atá beartaithe chun éileamh iompair a laghdú. Tá géarghá le pleanáil spásúlachta a bheith ar chomhrian le pleanáil iompair, chun sraoilleáil uirbeach agus agus tithíocht aonuaire uirbghinte i limistéir imuirbeacha a chur faoi smacht. Tá gníomhaíochta dhá seoladh chomh maith a chinnteoidh go mbeidh polasaithe iompair agus polasaithe fostaíochta ar aon intinn, agus cuirtear béim faoi leith ar cur chun cinn ríomhoibriú. Tagraíonn an caibidil seo freisin do ghealltanas an Rialtais cuidiú le cláir bainistiú soghluaisteachta a spreagadh a chuireann ina luí ar an bpobal modhanna taistil níos inbhuanaithe a úsáid. Léiríonn sé seo freisin an gá atá le bealaí úra a fhorbairt trína mbogfar earraí ar bhealach níos éifeachtaí. Tugann an Caibidil seo leide freisin go bhfuil sé ar intinn ag an Rialtas spriocbhirt fioscacha a thabhairt isteach a dhéanann dímholadh ar úsáid cairr gan fáth.

Caibidil a 5

Ní féidir an leibhéal daoine a bhraitheann ar ghluaisteáin a laghdú ach amháin má tá malairt mhodh taistil feiliúnach, seasmhach agus furasta le húsáid ar fáil. Leagann Caibidil a 5 amach mian an Rialtais an rogha seo a chur ar fáil. Chomh maith leis an infheistíocht shuntasach in *Iompar 21*, rud a chuirfidh seirbhís iompair phoiblí ar fáil do thimpeall ar 140,000 paisinéir comaitéireach bhreise le linn na buaicuaireanta, tá gá le socruithe a chur in áit do 90,000 paisinéir comaitéireach bhreise. Is é an phríomhghealltanas ná seirbhís bus uirbeach agus tuaithe a athstruchtúrú chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. Níos suntasaí fós, roghnóidh tuairim is 200,000 duine rothaíocht nó siúl mar mhodh taistil agus leagann an Caibidil amach gealltanas an Rialtais chun céimeanna radacacha a thógáil chun cuidiú le saoránaigh na modhanna sláintiúla seo a úsáid slán sábháilte.

Caibidil a 6

Déanann Caibidil a 6 cur síos go mion ar na gníomhaíochta atá ar fáil chun feabhas a chur ar éifeachtacht mhótair-iompair, agus a laghdaíonn an méid is a bhraitheann muid ar bhreoslaí iontaise. Tá gealltanas déanta ag an Rialtas an scata iomlán iompair atá acu atá maoinithe go poiblí a dhéanamh níos inbhuanaithe. Tá an Rialtas ceangailte le clár leanúnach a éilíonn agus a spreagann tiomáint níos éifeachtaí, agus bainfear amach an sprioc seo trí oiliúint agus teorainneacha luais a oireann níos fearr don timpeallacht a thabhairt ar bord, chomh maith le teicneolaíocht a úsáid chun an ceann is fearr a fháil ar bhrú tráchta. Ag leibhéal idirnáisiúnta cuideoidh Éire le tograí ina bhfuil sé mar aidhm astuithe ó na hearnálacha mara agus aeir a laghdú, agus bainfimid amach ár n-oibleagáidí nuair a shroicheann muid an sprioc 10% de bhreosla an earnáil iompair a bheith dhá sholáthar as foinsí in-athnuaite roimh an bhliain 2020.

Caibidil a 7

Tugann Caibidil a 7 cuntas ar na céimeanna nach mór a chomhlíonadh chun seachadadh comhtháite an phlolasaí a chinntiú. Trasnaíonn na ceisteanna gach aon rannóg den Rialtas, agus tá socruithe comhordaithe molta a chinnteoidh go mbeidh polasaithe ar aon intinn. Beidh an Roinn Iompair freagrach as gníomhaíochta aonair a thabhairt chun crích. Tá róil thábhachtacha ag na háisíneachtaí iompair chun na spriocanna sa Pholasaí a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú ar a gcuid róil de réir mar a thagann straitéis nua an Rialtais le chéile. Beidh sé de dhualgas ar na húdaráis áitiúla pleananna iompair a dhréachtú a aontaíonn leis an straitéis seo agus cinntiú go mbeidh pleananna forbartha áitiúla ar chomhréim leo. Déantar cur síos ar na féidearthachtaí i leith tionscnamh uile-oileáin sa chaibidil seo, freisin leagtar

amach scéimeanna tacaíochta do thograí iompair inbhuanaithe chomh maith leis an gcoincheap faoi bhailte taispeántais inbhuanaithe.

Caibidil a 8

Sa chaibidil deireanach, Caibidil a 8, cuirtear ar an eolas muid faoin maoiniú a theastóidh chun an Polasaí a chur i bhfeidhm roimh an bhliain 2020, meastar go sroichfidh an figiúr seo €4.5 bhilliún thar saolré an Pholasaí. Faoi réir an fáil atá ar acmhainní, leagtar amach na garspriocanna a bheidh le baint amach ionas go dtabharfaidh an Polasaí an fhís chun solais. Beidh sé ar an Rialtas cinntiú ar mhaoiniú an Pholasaí de réir paraiméadar eacnamaíoch agus buiséid. I dtús báire, áfach, bainfidh an Roinn Iompair úsáid as athbhreithniú *Iompar 21* atá le teacht chun a clár infheistíochta substaintiúil a scrúdú agus chun deimhin a dhéanamh air go gcomhlánaíonn sé na cuspóirí níos leithne den Pholasaí. Cuireann *Iompar 21* €34 bhilliún ar fail mar infheistíocht iomlán suas go dtí 2015. Is léir go bhfuil deis ann céimeanna tábhachtacha a dhéanamh i dtreo na cuspóirí leagtha amach sa Pholasaí a bhaint amach faoi cheann an ama seo. Leagtar amach na modhanna trína ndéanfar tuairisciú ar dhul chun cinn an plean chomh maith.

Príomhghníomhartha

Chun iompar inbhuanaithe a bhaint amach teastóidh cnuasach gníomhaíochta ag a mbeidh impleachtaí comhlántacha ó thaobh éilimh ar iompar agus astuithe. Cé go bhfuil an Polasaí déanta suas de 49 gníomh, is féidir iad a ghrúpáil isteach i gceithre cinn uileghabhálacha:

- Gníomhaíochta a laghdóidh an fhad a thaistealaíonn carr príobháideach agus a spreagann taisteal níos ciallmhaire, lena n-áirítear céimeanna ar nós fás daonra a chur chun cinn i gceantair fhostaíochta agus daoine a spreagadh chun cur fúthu cóngarach do áiteanna oibre, agus beartais fioscacha nó praghsála a úsáid chun iompar agus meoin a athrú.

- Gníomhaíochta dírithe ar mhalairt roghanna don charr a bheith ar fáil go forleathan, go háirithe trí chóras iompair phoiblí fheabhsaithe agus breis infheistíocht i rothaíocht agus i siúl.
- Gníomhaíochta ag a bhfuil sé mar aidhm cur le éifeachtacht breosla mhótar-iompair trí struchtúr scuaine feabhsaithe, tiomáint thíosach ar fhuinneamh agus malairt theicneolaíochta, agus
- Gníomhaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu socruithe institiúideacha a dhaingniú chun na spriocanna a sheachadadh.

Tá sé tábhachtach go dtuigtear go mbaineann na spriocanna agus na gníomhaíochta le maireachtáil tuaithe agus uirbeach. Tá gealltanais tugtha ag an Rialtas i leith athnuachan tuaithe agus tá gníomhaíochta aonair scaipthe tríd an bPolasaí, ar nós seirbhís bhus feabhsaithe i gceantair thuaithe, rud a dhaingníonn an gealltanas seo

Caibidil 1 : Treochtaí i dTaisteal agus in lompar

Faiche Stiabhna
4010

Tá an Rialtas ag dearbhú na dtreochtaí mar a leagadh amach iad sa doiciméad comhairliúcháin poiblí a foilsíodh i Feabhra na bliana 2008[1] agus *Taisteal níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe* á chur i láthair acu.

Idir an bhliain 1996 agus 2006, bhí

- Fás eacnamaíoch gan fasach ann a rinne dúbailt ar Olltáirgeacht Intíre na hÉireann
- Ardú 17% ar an daonra ó 3,630,000 go dtí 4,240,000 duine
- Ardú níos suntasaí fós de 40% ar an líon daoine atá ag obair (tá 2,100,000 duine i bhfostaíocht faoi láthair)
- Dúbailt ar an líon tráchta poirt rolladh ann/rolladh as ó 6 mhilliún tonna go 12 milliún tonna
- Ardú de 115% ar fheithicil-chiliméadar iomláin na n-iompróirí fartha agus ardú de 250% ar líon na dtonnaí uile a iompraíodh
- Ardú de 38% ar líon na gcarranna phríobháideacha in aghaidh gach 1,000 duine fásta, ó 382 go 528, atá fós faoi mheán an Aontais Eorpaigh de 558 don bhliain 2003
- Ardú de 72% ar líon iomláin na bhfeithiclí ceadúnaithe ó 1,338,616 sa bhliain 1996 go 2,296,393 sa bhliain 2006
- Ardú de 100% ar Lán-Ídiú Deiridh fuinnimh san earnáil iompair ó 2.7 meigeathonnaí coibhéise ola sa bhliain 1996 go 5.4 meigeathonnaí coibhéise ola sa bhliain 2006
- Ardú de 88% ar astuithe gáis cheaptha teasa san earnáil iompair ó 7.3Mt CO_2- coibhéisí go 13.7Mt CO_2- coibhéisí

Dearbhaíonn an Rialtas arís a ndearcadh go bhfuil treochtaí iompair reatha neamh-inbhuanaithe má chuimhnítear ar réamh-mheastacháin a heisíodh le déanaí go n-ardóidh ár ndaonra go dtí 5.1 milliún roimh an bhliain 2020. Mar sin féin, ó tharla deacrachtaí eacnamaíocha an lae inniu, is féidir go mbeidh an fás i bhfad níos lú ná an réamh-mheastachán, agus 4.8 milliún de dhaonra a bheith ann faoi 2020. Mar sin féin, má leanaimid leis na polasaithe reatha, leis an meastachán níos lú féin:

- D'fhéadfadh úinéireacht cairr méadú thar mheánleibhéil an Aontais Eorpaigh leis an líon iomláin carranna príobháideacha ceadúnaithe, b'fhéidir, ag méadú ó 1,800,000 go dtí 2,470,000

[1] www.sustainabletravel.ie

- Leanfaidh an líon daoine a úsáideann carranna ag ardú agus leanfaidh an líon comaitéirí, a bhíonn ag siúil agus ag rothaíocht, ag ísliú.
- Leanfaidh meánluas i limistéir uirbeacha ag buaic-ama na maidine ag titim agus níos mó ama á chaitheamh ar chomaitéireacht
- Cuirfidh an t-ardú sa líon daoine atá ag brath ar ghluaisteáin go mór le fadhb an mhurtaill.
- Beidh ardú ag teacht ar fhadhbanna sláinte an phobail de bharr truailliú áitiúil ó thrácht agus cuirfidh sé seo le galair géarmhíochaine agus ainsealacha
- Laghdóidh iomaíochas de bharr go n-ardóidh brú tráchta
- Ní bheidh soláthar iontaofa fuinnimh ann de bharr daoine a bheith ag brath ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte fós san earnáil iompair
- D'fhéadfadh astuithe gáis cheaptha teasa ón earnáil iompair ardú go 18-20Mt CO_2- coibhéisí, ardú de 31%-46% ó leibhéil na bliana 2006.

Treocht eile atá ag teacht chun cinn ná ardú i bpraghsanna breosla. In ainneoin shoghalaíocht phraghsanna le déanaí, is dócha gurb í treocht suas a bheidh ann go fadtéarmach. Ar an mbonn seo, má choinníonn muid orainn ag brath go hiomlán ar an gcarr príobháideach beidh tionchar suntasach aige seo ar ioncam indiúscartha an duine aonair a chuirfidh isteach ar fheidhmiú eacnamaíoch chomh maith céanna.

Ní mór na treochtaí thuasluaite a choinneáil i d'intinn d'ainneoin na ndeacrachtaí reatha i ngeilleagar na hÉireann. Tugann na meastacháin fáis sa ghearrthéarma go dtí an fhad-téarma dúshlán dúinn chun gníomhú láithreach chun na straitéisí a leagann amach a thabharfaidh an t-athrú incriminteach chun cinn chun córas taistil agus iompair inbhuanaithe a rith.

I bhFeabhra na bliana 2008 leag an Rialtas síos fís do chóras dá leithéid agus leag an próiseas comhairliúcháin poiblí ina dhiaidh sin béim ar na buncheisteanna le díriú orthu chun go gcinnteofaí a sheachadadh.

Tugann Caibidil 2 achoimre ar fhreagairtí an phobail.

Caibidil 2: Toradh an Phróisis Comhairliúcháin Poiblí

Seoladh *Fís 20:20 - Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe: Doiciméad Comhairliúcháin Poiblí* ar an 25 Feabhra 2008 agus aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara le bheith faighte roimh 18 Aibreán 2008. Cuireadh síneadh ama ar an spriocdháta ina dhiaidh seo chun aighneachtaí a fháil isteach go dtí an 13 Bealtaine 2008 chun a thuilleadh comhairliúcháin a cheadú. Fuarthas 484 freagairt ó réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine aonair sa phobal, eagraíochtaí sa lucht gnó, an earnáil dheonach/eagraíocht nach bhfuil sa Rialtas (NGO) agus eagraíochtaí a fhaigheann urraíocht ón Stát.

Is féidir breathnú ar na haighneachtaí seo ar an suíomh gréasáin www.sustainabletravel.ie. Ní hamháin go ndeachaigh formhór na n-aighneachtaí i ngleic leis an bpróiseas ar bhealach an-dearfach ach ghlac siad, beagnach gan eisceacht, leis an anailís bhunúsach ar na dúshláin atá roimh earnáil thaistil agus iompair na hÉireann agus an gá le hathruithe suntasacha a thabhairt isteach sa *status quo* má tá na dúshláin le sárú.

Léargas ginearálta ar na Freagairtí

Tá an achoimre ar na freagairtí leagtha amach mar atá na caibidlí sa doiciméad comhairliúcháin poiblí.

2.1. Ag comhtháthú Pleanáil Spásúlachta agus Iompar

Chuaigh roinnt freagairtí i ngleic leis an gceist conas feabhas a chur ar an gcomhéadan idir an próiseas pleanála fisiciúil agus na riachtanais iompair. Bhí mothú ginearálta ann go bhfuil na socruithe reatha do chomhordú atá ann neamhleorach - go háirithe eastáit thithíochta a thógtar a chuireann iallach ar áitritheoirí go minic brath ar an gcarr príobháideach chun freastal ar a riachtanais taistil. Ba eisceachtaí suntasacha áfach forbairtí a rinneadh i limistéir ainmnithe mar Chrios Forbartha Straitéisí. An phríomhtheachtaireacht a tháinig chun cinn ná go gcaithfí forbairt agus iompar a phleanáil ar bhealach comhtháite agus infreastruchtúr iompair phoiblí a sholáthar roimh nó i bpáirtíocht le húsáid na forbartha.

2.2. Daoine a bhogadh ó áit go háit

Tháinig an t-ábhar, daoine a bhogadh timpeall ó áit go háit, aníos i bhfreagairtí gach freagróir beagnach. Rinneadh cáineadh nach ndearnadh tagairt do ghluaisrothair agus do thacsaithe agus iad araon ag maíomh gur rogha eile níos eacnamaíche agus neamhdhíobhálaí don chomhshaoil iad ná úsáid carranna príobháideacha. Leag siúlóirí béim ar bhealaí siúlóide sábháilte agus soilsithe go maith a chinntiú. Bhí suim mhór ag daoine rogha taistil níos coiteann a dhéanamh den rothaíocht agus tháinig an gá a bhí le hinfheistíocht chun tacú leis seo aníos arís agus arís eile, lena n-áirítear bealaí rothaíochta sábháilte, saoráidí páirceála slán agus scéimeanna poiblí chun rothair a fháil ar chíos. Ábhar mór imní an gá atá le hoiliúint cheart a chur ar rothaithe agus ar ghluaisrothaithe araon maidir le ceisteanna faoi shábháilteacht ar rothar. Luadh go rialta an cumas rothair a chur ar iompar poiblí, chun modh taistil meascaithe a éascú agus turasóireacht rothaíochta araon.

Tháinig teachtaireacht láidir ón bpróiseas comhairliúcháin go dteastaíonn seirbhísí iompair poiblí a bheith ar fáil don phobal ar chaighdeán ard, más é an Stát nó eagraíochtaí príobháideacha a chuireann ar fáil iad, i limistéir uirbeacha agus tuaithe ar aon. Cuireadh béim arís agus arís eile ar ábhair áirithe maidir leis an tseirbhís atá ann faoi láthair, lena n-áirítear easpa comhtháthaithe idir modhanna taistil, an gá atá le ticéadú comhtháite

agus eolas taistil níos fearr, easpa acmhainne atá riachtanach, plódú agus gan é éasca teacht ar bhealaí agus drochphleanáil bealaí. D'ainneoin seo, tá an fonn ar dhaoine an carr a thréigean agus taistil chomaitéara ar bhealach a bheadh féideartha.

Is iomaí tuairim a tháinig chun cinn maidir le taisteal chun na scoile, go háirithe ó thuismitheoirí daltaí atá ag freastal ar scoileanna i limistéir thuaithe. Ar bharr an liosta bhí nádúr sriantach an chórais iompair scoile - cuireann sé seo le brú tráchta cóngarach don scoil go díreach a deirtear mar gur tugadh daltaí neamh-incháilithe chun na scoile sa charr ar fhaitíos go mbeadh orthu siúl ar bhealaí dainséaracha chun na scoile. Ardaíodh an fhéidearacht chun seirbhís bus scoile uirbeach a thosú. Bhí tacaíocht láidir ann chomh maith chun siúl agus rothaíocht chun na scoile a chur chun cinn faoi réir shábháilteacht na ndaltaí a chinntiú.

Níor tharraing daoine a bhogadh ó áit go háit thrí iompar aeir an oiread airde leis na modhanna taistil eile. Príomh dhearcadh ó thuairim taistil inbhuanaithe ná go dtarraingíonn eitlíocht náisiúnta fóirdheontais áirithe atá níos airde ar bhonn paisinéara nó ar bhonn "ciliméadar a taistealaíodh" ná do bhusanna ná do phríomh-líne iarnróid agus cuireann na fóirdheontais seo rogha taistil aeir idir na lárionaid uirbeacha in Éirinn níos saoire ar fáil ná iompar poiblí ar an talamh, cé nach bhfuil sé inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de.

Tugadh aitheantas bunúsach freisin don tábhacht atá le aerfoirt réigiúnacha ó thaobh forbairt réigiúnach cothrom a chur chun cinn.

Cuirtear fáilte shoiléir síos thríd na bhfreagairtí roimh an infheistíocht atá beartaithe faoi *Iompar 21* agus An Plean Forbartha Náisiúnta (PFN). Tháinig tuairimí éagsúla ó pháirtithe leasmhara difriúla faoi thosaíochtaí, áfach. Ba mhian le roinnt tús áite a thabhairt d'infreastruchtúr rothaíochta nó iompar poiblí (lena n-áirítear infreastruchtúr busanna agus iarnród) thar infheistíocht i mbóithre agus thug daoine eile tús áite do dul i ngleic le brú tráchta trí infheistíocht i mbóithre.

2.3. Earraí a bhogadh ó áit go háit

Tháinig éagsúlacht freagairtí ar an gceist faoi earraí a bhogadh ó áit go háit.

D'áitigh a lán nach bhféadfaí an *status quo* a sheachaint .i. brath go hiomlán beagnach ar fheithiclí bóthair chun earraí a bhogadh ó áit go háit de bharr na hachair ghearra ón bport chuig an ceann scríbe deiridh agus easpa infreastruchtúir riachtanach.

Cheistigh a lán eile an dearcadh seo go háirithe sa bhfadthéarma ag lua praghsanna arda breosla nach raibh ag titim agus an fhéidearthacht chun sábháil ar astuithe agus brú tráchta a laghdú tríd an líon feithiclí earraí troma atá ar na bóithre a laghdú.

D'iarr na freagróirí seo lasta iarnróid a iompraíonn Iarnród Éireann nó oibreoirí príobháideacha a fhordheonú. Ardaíodh an cheist chomh maith maidir leis an bhféidearthacht córais éadrom iarnróid a úsáid chun earraí a bhogadh ó áit go háit ag uaireanta seachbhuaice. Dearcadh eile a tháinig aníos ná go dtuilleann earraí a bhogadh ó áit go háit, lena n-áirítear an fhéidearthacht de lasta iarnróid, rochtain ar phort, loingeas clagfharraige agus loingeas cósta agus an fhéidearthacht d'uiscebhealaí intíre scrúdú agus aird níos dírithe ón Roinn Iompair.

2.4. Bearta breise chun an Fhís a bhaint amach

Tháinig tuairimí ó réimse freagróirí ón réimse bainistiú soghluaisteachta. Bhí admháil ghinearálta ann go mb'fhiú dul chun cinn a dhéanamh ar cheisteanna maidir le huaireanta oibre solúbtha, obair sa bhaile, pleananna taistil chun an áit oibre, pleanáil taistil phearsanta agus scoile agus comhroinnt cairr agus clubanna.

Luaigh roinnt freagróirí áfach na forchostais gnó i gcleachtais oibre ag baile agus cleachtais oibre solúbtha agus do roinnt daoine ní rogha réalaíoch a bheadh i féin-bhainistíocht, b'fhéidir. Tugadh tacaíocht ollmhór do chomroinnt agus comhthiomsú carranna.

D'ardaigh an cheist maidir le bearta fioscacha níos lú conspóide ná mar a bheadh duine ag súil leis. Maidir le táille a ghearradh ar bhrú tráchta ghlac an chuid is mó de na freagróirí a thug tuairim ar an smaoineamh leis, i bprionsabal ar a laghad ach mhothaigh siad go gcaithfí roghanna taistil eile a bheith i bhfeidhm sula dtabharfaí isteach aon socrú mar seo. Maidir le dolaí bóthair breathnaíodh ar chóras táillí a ghearradh bunaithe ar úsáid/brú tráchta mar chur chuige cothrom. Léiríodh imní áfach maidir le príobháideacht sonraí faoi ghluaiseacht phríobháideach agus an tionchar míchuí a d'fhéadfadh a bheith aige seo ar chónaitheoirí amuigh faoin tuath nach bhfuil an dara rogha acu ach brath ar an gcarr príobháideach chun freastal ar a riachtanais taistil. Breathnaíodh mar chéim dhearfach ar ath-chothromaíocht a dhéanamh ar uirlisí mótarchánacha (lena n-áirítear Cáin Chláraithe Feithiclí, Mótarchánach, CBL srl) chun breathnú ar úsáid seachas úinéireacht agus astuithe feithiclí á gcur san áireamh.

Tugadh tacaíocht do shocruithe roghnaithe a thabhairt isteach i roinnt freagairtí, áit a mbeadh leithdháileadh cothrom agus trádáil lamháltais carbóin i measc saoránach aonair.

Ardaíodh i roinnt aighneachtaí an gá atá ann chun srian a chur ar pháirceáil saor in aisce san ionad oibre nó fáil réidh leis go hiomlán, go háirithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí.

Go ginearálta maidir le páirceáil i lár na cathrach bhí daoine i bhfabhar laghdú i spásanna ionas nach mbeadh daoine in ann taisteal ina gcarranna. Leag daoine eile, go háirithe an lucht gnó béim ar an ngá páirceáil den tsaghais seo a choinneáil chun riachtanais na siopadóirí a éascú ionas nach n-aistreodh roinnt den phobal miondíola amach sna bruachbhailte. Sa chomhthéacs seo ardaíodh freisin gur gá páirceáil i lár na cathrach a luacháil agus táillí a ghearradh ag rátaí comhionann le páirceáil lasmuigh den chathair. Glacadh go ginearálta leis an ngá cláir oideachais, eolais agus feasachta dírithe ar iompar inbhuanaithe. Tugadh roinnt airde ar bhithbhreoslaí agus tugadh tacaíocht do dhrámh-olaí chun bith-díosal a tháirgeadh agus bith-ghás a úsáid i loingeas iompair.

Léiríodh aire i roinnt freagairtí faoin ngá atá le táirgeadh beatha a chothromú le saothrú barra bith-bhreoslaí an chéid ghlúin a shaothrú. Leagadh béim ar cheisteanna comhshaoil maidir le bith-bhreoslaí iompórtáilte freisin. Bhí an fhéidearthacht feithiclí leictreacha a úsáid mar ghné i roinnt aighneachtaí agus aithníodh an gá atá ann infreastruchtúr athluchtaithe a chur ar fáil i suíomhanna cuí poiblí chomh maith.

2.5. Seachadadh Éifeachtach ar Cur Chuige Nua agus Línte Ama

Cuireadh roinnt moltaí chun gníomhaíocht a éascú agus a sheachadadh chun cinn.

Mheas líon mór freagróirí go mbeadh samhail cosúil le samhail Iompras Bhaile Átha Cliath ag teastáil ar bhonn réigiúnach nó áitiúil (faoi threoir údaráis réigiúnacha nó áitiúla). Moladh níos bunúsaí a rinneadh ná institiúid d'Údarás Iompair Náisiúnta chun comhchuimsiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí seachadta iompair lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnród, an rannóg infreastruchtúir d'Iarnród Éireann, Údarás Eitlíochta na hÉireann.

Mhothaigh roinnt freagróirí maidir le línte ama go raibh an bhliain 2020 thar a bheith uaillmhianach. Bhí an dearcadh ag a bhformhór áfach go raibh sé riachtanach dianspriocanna a leagann síos agus an tábhacht atá le córas taistil agus iompair inbhuanaithe a sheachadadh san achar ama is lú. Leagadh béim ar an ngá atá le ceannasaíocht polaitíochta agus spriocanna iompair inbhuanaithe á leagann amach agus á mbaint amach.

Tionchar na n-Aighneachtaí

Admhaíonn agus fáiltíonn an Rialtas roimh an leibhéal rannpháirtíochta poiblí. Rinneadh anailís agus measúnú ar na haighneachtaí sa phlé a rinne na grúpaí oibre idir-rannacha a thug comhairle ar ullmhú an Pholasaí seo. Cuireadh san áireamh iad agus na gníomhaíochtaí atá molta sa Pholasaí seo á gcumadh.

Athdhearbhaíonn an chéad chaibidil eile fís an Rialtais maidir le hiompar inbhuanaithe ach molann sé spriocanna náisiúnta chomh maith mar a moladh in a lán de na haighneachtaí poiblí.

Caibidil a 3: Fís an Rialtais agus Spriocanna d'Ardleibhéil

Tá iompar ríthábhachtach dár ngeilleagar. Mar náisiún oileánda, teastaíonn ceangail mhaithe iompair uainn lenár gcomhpháirtithe trádála; ní mór dúinn gluaiseacht éifeachtach a chinntiú ar an oileán freisin. Príomhghné de chaighdeán saoil maith é taisteal sábháilte agus compordach chomh maith. Níl sé i gceist againn anseo srian a chur ar thaisteal ná ar iompar ach bealaí níos ciallmhaire a aimsiú chun freastal ar na riachtanais seo.

Leagadh amach go soiléir fís an Rialtais chun córas iompair inbhuanaithe a bhaint amach roimh an bhliain 2020 sa doiciméad comhairliúcháin poiblí agus dearbhaíodh an fhís i roinnt mhaith de na freagairtí a tugadh:

- Athróidh daoine a meoin chun athrú chun iompar poiblí agus modhanna eile taistil inbhuanaithe a úsáid
- Tiocfaidh laghdú suntasach ar na leibhéil brú tráchta agus ar na hamanna taistil atá ann i láthair na huaire
- Tiocfaidh feabhas rochtana ar iompar poiblí agus modhanna eile taistil inbhuanaithe chun tairbhe gach saoránach, is cuma cá bhfuil siad lonnaithe agus cé na riachtanais soghluaisteachta atá acu
- Feabhsóidh an córas taistil iomaíochas eacnamaíoch na hÉireann
- Cuirfidh an laghdú in astuithe gáis cheaptha teasa agus éifeachtacht méadaithe san earnáil iompair le gealltanais idirnáisiúnta na hÉireann maidir le hathrú aeráide
- Leanfar ag laghdú astuithe ó thruailleáin iompair atmaisféaracha eile
- Déanfar comhtháthú níos fearr ar phleanáil úsáide talún agus ar sholáthar infreastruchtúr iompair agus seirbhísí
- Tiocfaidh feabhas ar an gcaighdeán saoil do dhaoine aonair agus don phobal uile
- Tiocfaidh laghdú ar bhaol sláinte agus ar thimpistí agus ar bhásanna sa chóras iompair
- Cuirfear béim ar fheasacht an duine aonair chun glacadh agus tuiscint a fháil ar na hathruithe in iompar agus an leibhéal freagrachta a theastaíonn chun an fhís seo a bhaint amach

Mar achoimre, creideann an Rialtas chun go mbainfear amach an fhís seo de chóras iompair inbhuanaithe, caithfear stíleanna maireachtála aonair a athrú agus beidh orainn teacht le chéile sa phobal chun freagra a thabhairt ar dhúshláin a eascraíonn as spriocanna a d'fhéadfadh a theacht salach ar a chéile: fás eacnamaíoch, astuithe laghdaithe, gearradh siar in úsáid mhótar-iompair agus rochtain níos fearr.

Beidh caighdeán saoil níos fearr mar thoradh ar an bhfís seo, ní hamháin i dtéarmaí iomaíochta eacnamaíochta, cuimsiú sóisialta níos fearr agus daonra níos sláintiúla ach freisin trí thírdhreach uirbeach feabhsaithe a chuirfear chun cinn trí mhoilliú tráchta agus bearta eile.

Ag tógáil san áireamh méid an dúshláin agus an díocas gan choinne a thaispeáin an pobal, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an fhís sin a thomhais mar sórt treoir don Pholasaí.

Príomhaidhmeanna

Is féidir an fhís ghinearálta a chuirtear chun cinn sa doiciméad comhairliúcháin a ghearradh síos go chúig phríomhsprioc, a dhéanann suas bonnchloich an Pholasaí seo. Tá sé mar aidhm againn:

- Caighdeán maireachtála agus rochtain ar iompar a fheabhsú do chách agus, go háirithe, do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta agus do dhaoine a bheidís aonraithe gan iompar
- Cumas iomaíochta na heacnamaíochta a fheabhsú de thoradh córas iompair an-éifeachtach, fadhb an bhrú tráchta agus baic san infreastruchtúr a leasú
- Tionchar diúltach an chórais iompair ar an gcomhshaol agus mórthimpeall na cruinne a laghdú, trí ghearradh siar ar thruailleáin aeir agus ar astuithe gáis cheaptha teasa áitiúla
- Gearradh siar ar an éileamh iomlán ar thaisteal agus ar fhad an turais a dhéanann carranna príobháideacha
- Soláthar fuinnimh a dhaingniú sa chaoi go dtiocfaidh laghdú ar an méid a bhraithimid ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte

Príomh-spriocanna

Tá na príomh-spriocanna a bhainfidh amach na haidhmeanna thuasluaite bunaithe ar réamhaisnéis fáis na heacnamaíochta a foilsíodh le déanaí san Athbhreithniú Meánthréimhse ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, áit ar measadh meán ráta fáis de 3% sa bhliain as seo go dtí an bhliain 2020, chomh maith le daonra de 5.1 milliún duine faoin mbliain 2020. Mar sin féin, cuirtear san áireamh an cor chun donais eacnamaíoch chomh maith. Sa chás seo, meastar laghdú gníomhaíochta eacnamaíche i 2008 agus 2009, agus filleadh de réir a chéile go dtí meán ráta fáis de 3.5% faoin bhliain 2012, chomh maith le daonra de 4.8 milliún duine faoin mbliain 2020. Agus a éiginnte atá fás eacnamaíoch agus daonra, beidh ceartúcháin le cur san áireamh sna spriocanna de réir mar a bhíonn na rátaí fáis eacnamaíochta agus na rátaí fáis daonra ar fáil agus de réir mar a chuirfear feabhas ar mheastacháin.

Is í ár n-aidhm roimh an bhliain 2020:

- Chun tacú le taisteal inbhuanaithe, ní mór dúinn cothú fostaíochta agus fás daonra a dhíriú ar na ceantair dhlútha inbhuanaithe uirbeacha nó faoin tuath, rud a athchomhairlíonn forbairt scaipthe agus cianchomaitéireacht.
- Rachaidh idir 500,000 agus 600,000 comaitéirí chun na hoibre trí mhodh taistil seachas an carr (díobh siúd bheadh 200,000 duine ina dtiománaithe cairr faoi láthair), sa mhéid is go laghdóidh sciar iomlán taistil cairr ó 65% go dtí 45%. De bhrí nach de bharr cúrsaí oibre a tharlaíonn an chuid is mó de na turais beidh sé riachtanach iompar pearsanta a athrú chomh maith
- Cuirfear modhanna eile taistil ar fáil do na tiománaithe cairr seo, mar shampla siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus carr-roinnt (sa mhéid is go n-ardóidh sciar na roghanna malartacha seo go dtí 55% faoin mbliain 2020) nó trí mheán an ríomhoibriú
- Ní thiocfaidh méadú suntasach ar an méid iomlán Km a thaistealaíonn an scata cairr sa bhliain 2020 i gcomparáid leis an lá atá inniu ann.
- Feicfimid earnáil lastais bhóthair a bheidh níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de, rud a laghdóidh astuithe. Tabharfar faoi bhreis taighde ionas go mbainfear amach an sprioc (féach Caibidil a 4)
- Cuirfidh an earnáil iompair go mór le gealltanas na hÉireann faoi shocruithe atá beartaithe ag an Aontas Eorpach maidir le hiarrachtaí a roinnt atá dírithe ar athrú aeráide, agus bainfear amach laghdaithe suntasacha ar leibhéil reatha astuithe. Ní féidir méid iomláin na sprice seo a chinntiú nó go n-aontófar ar spriocanna náisiúnta ginearálta faoin Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide leasaithe mar fhreagairt ar aon chomhaontú, ó thaobh spriocanna astuithe de, ina nglacann Éire páirt ann ag an leibhéal Eorpach. Braitheann sé ar roinnt tosca, ina measc aon chinneadh deireanach an Rialtais faoi bhearta fioscacha, is féidir go laghdóidh astuithe carbóin de 4Mt-8Mt de CO_2-choibhéisí.

Tá sé deacair agus casta spriocanna a leagann síos don earnáil seo mar nach bhfuil an t-eolas atá ar fáil faoi láthair foirfe (beart amháin sa Pholasaí seo ná an t-eolas atá againn ar thaisteal agus ar iompar a fheabhsú) agus mar go bhfuil iompar pearsanta taistil an duine aonair in ann athrú. Mar sin féin, tá an Rialtas den tuairim nach mór an uaillmhian chun dul i ngleic leis an dúshlán atá amach romhainn a Leagann síos, fiú amháin má bhíonn orainn na spriocanna a cheartú ag brath ar na réaltachtaí eacnamaíochta, ar an eolas feabhsaithe agus ar threochtaí athraitheacha.

Tá na príomh-spriocanna seo uaillmhianach. Mar sin féin, tá siad riachtanach sa mhéid is go bhfeabhsófar caighdeán saoil gach aon saoránach, daingneoidh siad soláthar fuinnimh don todhchaí, agus cinnteofar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar astuithe gáis cheaptha teasa ón earnáil iompair, ar aon dul leis an dualgas atá ar gach aon náisiún forbartha. Léiríonn na spriocanna seo athrú iomlán ar na treochtaí reatha (mar a léiríodh i gCaibidil a 1). Ciallaíonn sin nach mór dúinn, mar dhaoine aonair, athrú bunúsach a dhéanamh ar ár mbealaí taistil, agus ní mór don Rialtais bogadh chun túsáite a thabhairt do mhodhanna níos inbhuanaithe san earnáil iompair.

Príomh-ghníomhaíochtaí

Teastóidh sraith gníomhaíochtaí le himpleachtaí comhlántacha, ó thaobh éilimh taistil agus astuithe de, ionas gur féidir iompar inbhuanaithe a bhaint amach. Cé go bhfuil 49 gníomhaíocht sa Pholasaí, is féidir iad a chur isteach i cheithre ghrúpa uileghabhálach:

- Gníomhaíochtaí a laghdóidh an fad a thaistealaíonn carr príobháideach agus a spreagann taisteal níos ciallmhaire, lena n-áirítear céimeanna mar fás daonra agus fás fostaíochta a chur chun cinn sna ceantair uirbeacha agus bearta fioscacha nó praghsála a úsáid chun iompar agus meoin a athrú.
- Gníomhaíochtaí dírithe ar mhalairt roghanna don charr a bheith ar fáil go forleathan, go háirithe trí chóras iompair phoiblí fheabhsaithe agus breis infheistíochta i rothaíocht agus i siúl.
- Gníomhaíochtaí ag a bhfuil sé mar aidhm cur le héifeachtacht breosla mhótar- iompair tríd struchtúr cabhlaigh feabhsaithe, tiomáint éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus teicneolaíochtaí eile
- Gníomhaíochtaí ag a bhfuil sé mar aidhm socruithe institiúideacha a dhaingniú chun na spriocanna a bhaint amach.

Tá sé tábhachtach go dtuigfear go mbaineann na spriocanna agus na gníomhaíochtaí le maireachtáil tuaithe agus uirbeach araon. Tá gealltanais tugtha ag an Rialtas i leith athnuachan tuaithe agus tá gníomhaíochtaí aonair scaipthe ar fud an Phlean seo, mar shampla seirbhís bhus feabhsaithe i gceantair thuaithe, rud a dhaingníonn an gealltanas seo.

Is í aidhm na gcaibidlí atá fágtha sa doiciméad seo ná cur síos a dhéanamh, go mion, ar na gníomhaíochtaí éagsúla a bhainfidh amach an fhís, na haidhmeanna agus na spriocanna.

Caibidil a 4: Gníomhaíochtaí chun Taisteal níos Ciallmhaire a spreagadh

Dhearbhaigh an próiseas comhairliúcháin an anailís go dteastódh bearta a thabhairt isteach chun iompraíocht an duine aonair a athrú agus comhtháthú a dhéanamh ar pholasaithe rialtais áitiúla agus lárnacha atá ann agus a bheidh ann sa todhchaí, taobh le taobh modhanna eile seachas mótar-iompair bóthair (a ndéantar cur síos ar sa chéad chaibidil eile). Dearbhaíonn an áit a gcónaíonn daoine, an áit a n-oibríonn daoine, an áit a ndéanann daoine a gcuid siopadóireachta, an áit a bhfaigheann daoine a n-oideachas, an áit a bhfaigheann daoine a gcuid siamsaíochta, an áit a bhfaigheann daoine a gcúram sláinte agus seirbhísí sóisialta eile, an gá a bhíonn orthu taisteal agus an achar a bhíonn le taisteal acu. Déantar roghanna maidir le cá gcónaímid agus cén fhad a thaistilímid ar chúiseanna áirithe, ó chúiseanna eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha go rogha pearsanta le haghaidh stíl nó caighdeán áirithe saoil.

Cibé iad na fáthanna, tá sé soiléir go mbíonn orainn dul i ngleic le costais agus éilimh nach bhfuil inbhuanaithe i dtéarmaí na n-ualaí ar an gcomhshaol, ar sholáthairtí fuinnimh, ar an ngeilleagar agus ar an sochaí go ginearálta a thagann aníos de thoradh an fháis "gnó mar is gnáth" a mheastar i dtaisteal bunaithe ar an gcarr.

Déanann an caibidil seo cur síos freisin ar soghluaisteacht earraí - ní hamháin go mbíonn tionchar ag taisteal níos ciallmhaire ar soghluaisteacht daoine ach bíonn tionchar aige ar earraí á n-iompar chomh maith.

Pleanáil Spásúlachta agus Iompar a ailíniú

Tá Éire ag déanamh dul chun cinn chun iompar agus pleanáil spásúlachta a ailíniú tríd an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach agus an Plean Forbartha Náisiúnta. Cuireann an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta patrúin agus foirmeacha forbartha inbhuanaithe chun cinn, trí chathracha agus bailte atá níos comhdhlúithe a chruthú, gur féidir iad a shiúl agus atá níos éasca le teacht orthu trí iompar poiblí de chaighdeán maith.

Tríd an bPolasaí seo, aithníonn an Rialtas nach mór an infheistíocht mhór a theastaíonn faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoi *Iompar 21* a mhéadú trí bhearta chun a chinntiú go mbeidh na patrúin taistil sa todhchaí níos inbhuanaithe.

Is é an dúshlán ná príomheilimintí de fhás an daonra sa todhchaí a struchtúrú de réir chreatlach polasaí spáis a gcuireann Straitéis Náisiúnta Spásúlachta achoimre uirthi. Ina theannta, is féidir le forbairtí miondíola ar scála beag, forbairtí tionsclaíocha, forbairtí cónaithe agus forbairtí eile i mbailte agus i gcathracha beaga a spreagadh, áit ar thit an líon daonra, cur le laghdú in astuithe trí fáil réidh le haistir fhada ar roinnt cónaitheoirí amuigh faoin tuath.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh freisin chun treoir níos fearr a chur ar fáil faoi fhorbairt phleanála agus lena n-áirítear :

- "Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe - Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála" (2005), a bhfuil sé mar aidhm acu pobail tuaithe a éascú chun freastal a dhéanamh ar a riachtanais tithíochta agus fo-uirbiú ar an taobhtíre a sheachaint
- "Treoirlínte Pleanála Miondíola le haghaidh na hÚdaráis Phleanála" (2005), a chuireann chun cinn cur chuige seicheamhach agus cur chuige dírithe ar an gcathair i leith forbairt mhiondíola
- "Tithíocht Ardchaighdeáin ar son Pobal Inbhuanaithe" (2007), a shainíonn inrochtaineacht trí mheán líonraí iompair agus riachtanais an choisí agus an rothaí a shásamh maidir lena chuspóirí dearaidh uirbigh le haghaidh soláthar tithíochta.
- "Bailte a Sholáthar - Pobail a Chothú" (2007), a chuireann chun cinn comharsanachta comhdhlúithe agus ilchineálacha, áit a bhfuil réimse maith áiseanna agus saoráidí laistigh d'achar siúlóide cóngarach do na tithe
- "Forbairt Chónaitheach Inbhuanaithe i Limistéir Uirbeacha" (dréacht-chomhairliúcháin a heisíodh i Feabhra na bliana 2008), a chuireann chun cinn foirm uirbeach chomhdhlúithe, dlús ard i limistéir uirbeacha go ginearálta agus modhanna taistil inbhuanaithe a éascú
- Bóithre Náisiúnta agus Straitéiseacha agus an Córas Pleanála (dréacht atá á ullmhú le haghaidh comhairliúcháin poiblí go luath sa bhliain 2009), nach spreagfaidh patrúin forbartha a chuireann chun cinn úsáid cairr agus an méid a bhraithimid ar an gcarr

- "Lámhleabhar Deartha le haghaidh Sráideanna", a thabharfaidh cuntas ar bhearta deartha praiticiúla chun patrúin taistil níos inbhuanaithe a thacú agus a spreagadh i limistéir uirbeacha.
- Díreoidh eagrán athcheartaithe de "Site Development Work for Housing Areas" (á dhréachtú faoi láthair) ar iompar poiblí, ar rotharbhealaí agus ar limistéir choisithe, i gcomhthéacs cruthaithe comhphobal inbhuanaithe.

Tá fianaise láidir ann áfach, go bhfuil an iomarca criosú ag tarlú ar fhorbairtí ag an leibhéal áitiúil (faoi láthair tá tailte criosáilte le haghaidh forbairt chónaitheach níos mó ná na réamh-mheastacháin daonra suas go dtí an bhliain 2020) agus teastaíonn i bhfad níos mó a dhéanamh má táimid chun an fhís de thaisteal inbhuanaithe a bhaint amach.

Gníomh 1

Leanfaimid ar aghaidh leis an reachtaíocht a neartú chun taisteal agus pleanáil spásúlachta a chomhtháthú i modh níos doimhne agus chun tacú le lánchomhtháthú agus le hailíniú na bpleananna iompair le próiseas an phlean fhorbartha agus le pleanáil áitiúil (féach Gníomh 42). Cinnteoimid go dtugfar tosaíocht do shiúlóid, do rothaíocht agus do iompar poiblí mar phríomhmheán rochtana nuair atá infheistíocht an Rialtais i saoráidí amhail scoileanna, ionaid phobail/shláinte agus saoráidí spóirt ar na saoráidí seo i gceist, sa mhéid is gur indéanta é agus taobh istigh de chreatlach na gcuspóirí polasaí oiriúnacha.

Gníomh 2

Cinnteoimid comhtháthú níos fearr de pholasaithe phleanáil thalamhúsáide agus iompair sna treoirlínte pleanála mar pháirt den athcheartú, agus bainfimid úsáid as treoracha polasaí chun bearta sainiúla a chur i bhfeidhm chun fís an iompair inbhuanaithe a chomhlíonadh.

Cuirfear a bhfuil thíos anseo le treoirlínte pleanála sa todhchaí:

- Riachtanas ginearálta go mbeidh ceangail iompair phoiblí maithe agus bealaí sábháilte le haghaidh siúlóide agus rothaíochta chun rochtain a fháil ar cheangail dá leithéid agus ar shaoráidí áitiúla ag aon fhorbairt shubstaintiúil i ngach cathair agus i ngach baile
- Comhtháthú ar rothaíocht agus ar iompar poiblí
- Spriocanna a chur chun cinn a dteastaíonn íos-chéatadán d'fhorbairtí nua chónaithe agus ilchineálacha uathu ar láithreáin athfhorbraíochta nó ar láithreáin atá ann faoi láthair chun fás uirbeach a dhaingniú agus forbairt orgánach ar limistéir uirbeacha ón gcathair amach a cheadú
- A chinntiú go mbeidh íos-dhlús tithíochta ginearálta idir 35 agus 50 áitreabh in aghaidh an heicteár i limistéir uirbeacha de shaghas agus de dhaonra oiriúnach agus dlús substaintiúil níos airde ag teastáil áit a gceadaíonn cúinsí áitiúla é, go háirithe i gconair taistil phoiblí d'ard thoilleadh
- Sonrú ar an uas-leibhéal i bpáirceáil carranna a cheadaítear ar shuíomhanna tráchtála, a bhfuil áiseanna iompair phoiblí feiliúnacha acu agus atá laistigh d'achar siúlóide/rothaíochta chuig na háiseanna
- Riachtanas go mbeadh pleananna taistil inmharthana i bhfeidhm ag forbairtí os cionn leibhéal áirithe
- Riachtanas go mbeidh forbairt ar chonair iompair uirbeacha ard-dlúis agus oiriúnach d'úsáid iompair phoiblí (ní trádstóráil ná gníomhaíochtaí eile le déine-íseal fostaíochta atá i gceist)
- Treoir ar ionchorprú polasaithe rothaíochta agus siúlóide isteach i bpleananna forbartha
- Srian ginearálta a chur ar fhorbairt ionaid mhiondíola lasmuigh den chathair sa todhchaí seachas i gcúinsí eisceachtúla agus smaoineofar faoi tháillí páirceála a thabhairt isteach sna hionaid atá ann faoi láthair

- Úsáid pleananna limistéir áitiúla agus criosanna forbartha straitéisí a spreagadh laistigh de mhór-limistéir uirbeacha mar bhealach chun an comhéadan iompair úsáide-talún a fheabhsú, go háirithe chun a chinntiú go mbeidh ionaid fostaíochta agus ionaid chónaithe lonnaithe cóngarach dá chéile.

Gníomh 3

Tá a lán de na Tairsí agus na Moil san Straitéis Náisiúnta Spásúlachta déanta suas de dhá limistéar údaráis áitiúil nó níos mó. Tá Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha i bhfeidhm chun an fhorbairt foriomlán sna limistéir údarás réigiúnacha a chomhordú.

Imríonn Straitéisí Úsáidí Talún agus Iompair ról ríthábhachtach i dtacú le comhordú níos fearr agus comhtháthú ar phleanáil forbartha idir údaráis áitiúla trasna Tairsí agus Moil. Cuireann Plean Straitéiseach Limistéir Chorcaí sampla maith ar fáil de cur chuige na Straitéisí Úsáidí Talún agus Iompair agus tá straitéisí cosúil leis seo ann i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge, nó beartaithe dóibh.

Cuirfimid chun cinn feidhmiú céimneach níos leithne ar straitéisí de chineál Úsáide Talún agus Iompair, á dtacú trí chlár cúnaimh teicniúil ag an leibhéal náisiúnta. Beidh an bhéim i dtús báire ar na Tairsí agus ina dhiaidh seo staidéir de chineál Úsáide Talún agus Iompair do na suíomhanna Mol sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta.

Gníomh 4

Ní bhainfear amach iompar poiblí, rothaíocht agus patrúin taistil níos inbhuanaithe a chur chun cinn in ionaid uirbeacha atá ann faoi láthair ach amháin trí iarfheistiú.

Teastóidh uainn go n-ullmhóidh údaráis áitiúla pleananna chun limistéir a iarfheistiú chun comharsanachta inbhuanaithe a chruthú ionas go mbeidh an tsiúlóid agus an rothaíocht ar an rogha is fearr le haghaidh turais áitiúla, chun freastal ar saoráidí áitiúla mar shampla siopaí agus scoileanna.

Polasaí Fostaíochta a ailíniú le Pleanáil Iompair

Tá infreastruchtúr taistil agus iompair inbhuanaithe agus d'ardchaighdeán a thacaíonn le soghluaisteacht daoine agus earraí ar aon mar riachtanas ríthábhachtach chun infheistíocht ghnó dian-eolais a dhaingniú agus comhlachtaí dúchasacha a fhás ar scála chun dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta. Tá athrú tagtha ar an gcineál fostaíocht tionsclaíoch anois. Tá Éire anois san iomaíocht le haghaidh infheistíocht soghluaiste préimhe i gcoinne na hard-suíomhanna ar domhan. Tá comhcheangailt náisiúnta agus idirnáisiúnta an-tábhachtach.

Roghnaítear suíomh na n-ionaid fostaíochta go minic i gcomhthéacs na straitéisí atá frámaithe timpeall ar an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta. Mír thábhachtach i straitéis mhaoin thionscail an Rialtais, páirceanna gnó atá ann agus a thógfar sa todhchaí a chomhtháthú le hiompar poiblí agus a suíomh taobh istigh d'achar siúlóide agus rothaíochta na limistéir chónaithe. Is féidir go gcuirfidh sé le rochtain ar mhargadh an tsaothair do dhaoine faoi mhíchumas luaineachta chomh maith.

Tá an deis ann freisin an gá atá ann le taisteal a laghdú trí pholasaithe oibre solúbtha a ghlacadh. Tá ceannasaíocht léirithe ag an Rialtas chun a leithéidí de pholasaithe solúbtha a chur chun cinn san earnáil phoiblí agus iad tiomanta do cur chuige dhá bheangán trí:

- Teidlíochtaí reachtúla a chur ar fáil trí bhearta reachtaíochta (i. saoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire cúramóra agus saoire thuismitheoirí) agus

- An cur chuige deonach ag leibhéal na fiontraíochta, go mór mhór tríd an gCoiste Creatlaí Náisiúnta um Chothromaíocht Oibre is Saoil.

Leanfaidh an Rialtas leis an gcur chuige seo. Díríonn an Polasaí seo ar ghné amháin d'obair sholúbtha, an coincheap de ríomhoibriú. I láthair na huaire, dá n-oibreodh fiú agus 10% den daonra fostaithe de 2.1 milliún duine ón mbaile le haghaidh lá amháin sa tseachtain, thabharfadh sé toradh de laghdú tuairim is 10 milliún aistear i gcarranna chun na hoibre gach bliain.

Gníomh 5

Cinnteoimid go mbeidh an earnáil phoiblí mar eiseamláir sa réimse ríomhoibriú agus teastaíonn uainn go leagfaidh gach eagraíocht san earnáil phoiblí síos spriocanna chun ríomhoibriú a spreagadh má tá sin feiliúnach.

Spreagfaimid uaillmhian den saghas céanna san earnáil phoiblí agus tacóimid le ríomhoibriú tríd soláthar níos fearr banda leathan a chur ar fáil, mar shampla.

Gníomh 6

Tabharfaimid faoi thaighde chun a dhearbhú an féidir ionaid ríomhoibriú a bhunú ar bhonn réigiúnach chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine i réigiúin tuaithe agus i mbailte satailíte chun obair ó shuíomh níos gaire do bhaile. Scrúdóimid an cumas le haghaidh comhpháirtíochta leis an earnáil phoiblí ionas gur féidir ionaid dá leithéid a bheith ar fáil do líon mór fostaithe atá ag iarraidh leas a bhaint as ríomhoibriú.

Soghluaisteacht a Bhainistiú

Thug an próiseas comhairliúcháin chun solais an fhéidearthacht soghluaisteacht a bhainistiú chun daoine a spreagadh chun a n-iompraíocht maidir le taisteal a athrú. D'éirigh go maith le líon scéimeanna agus pleananna a cuireadh i bhfeidhm i dtíortha eile agus tá an cumas ann chun a macasamhail a chur i bhfeidhm anseo in Éirinn. Tá siad leagtha amach anseo thíos agus mar is amhlaidh do na bearta uile sa Pholasaí seo, teastóidh monatóireacht leanúnach agus nuashonrú a dhéanamh orthu chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach.

Gníomh 7

Sa bhliain 2006 tiomáineadh nó thiomáin tuairim is 55,000 mac léinn níos lú ná 2km go dtí a n-áit oideachais. Tiomáineadh nó thiomáin 150,000 dalta eile 2-4 km go dtí a n-áit oideachais. Tá Clár Taistil na Scoileanna Glasa curtha i bhfeidhm ag an Rialtas cheana féin agus sroichfidh sé seo breis is 1,000 scoil agus 265,000 mac léinn roimh an bhliain 2012. D'fhéadfadh laghdú 6% in úsáid carranna chun na scoile a bheith mar thoradh air, bunaithe ar staidéir píolótacha.

Cinnteoimid go mbeidh Plean Taistil Scoile ag gach scoil agus ollscoil in Éirinn chun mac léinn a spreagadh chun modhanna eile taistil seachas an carr a thógáil. Mar chuid den chlár, cinnteoimid go n-aithneoidh agus go gcuirfidh na húdaráis áitiúla i bhfeidhm bealaí sábháilte siúlóide agus rothaíochta go dtí agus ón scoil agus institiúidí oideachais eile chomh maith le rochtain níos fearr a chur ar fáil do dhaoine

faoi mhíchumas. Bunóimid grúpa comhairleach déanta suas as na páirtithe leasmhara cuí chun comhoibriú níos fearr a bhaint amach chun iad seo a sheachadadh. Áit nár féidir bealaí sábháilte a chur ar fáil breathnóimid ar an scéim iompair scoile atá ann faoi láthair a leathnú (féach ar Gníomh 14 freisin).

Gníomh 8

Spreagann Pleananna Taistil chun an Áit oibre fostóirí agus fostaithe chun céimeanna a thógáil chun an leibhéal a bhraitheann siad ar an gcarr a laghdú agus roghanna eile taistil a thógáil. Tá maoiniú tosaigh curtha ar fáil ag an Aire Iompair le haghaidh scéim píolótach á bainistiú ag Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus ba iad an Roinn Iompair an chéad roinn a thug isteach a leithéid de Phlean. Tá táille páirceála de tuairim is €200 an bhliain tugtha isteach ag an Rialtas ar pháirceáil fostaithe i bpríomhcheantair uirbeacha chun comaitéirí a chur ó úsáid an chairr phríobháidigh. Beidh an fócas anois ar bhealaí eile taistil chun na hoibre a spreagadh. Dá bhrí sin:

- Beidh muid ag obair i dtreo riachtanais ar eagraíochtaí le breis agus 100 d'fhoireann pleananna taistil chun an áit oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Tacaíocht agus treoirlínte a chur ar fáil d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm na bpleananna taistil chun an áit oibre
- Plean a lorg ó Oifig na n-Oibreacha Poiblí chun spásanna páirceála ag oifigí an Rialtais a laghdú, áit ar féidir modhanna eile taistil a thógáil agus teastaíonn uainn go ndéanfadh eagraíochtaí san earnáil phoiblí an rud céanna mar chuid dá bpleananna taistil chun an áit oibre

Gníomh 9

Tá sé mar aidhm ag Pleananna Taistil Pearsanta daoine aonair a spreagadh chun modhanna eile taistil a thógáil seachas an carr má tá siad seo ar fáil. Taispeánann an sampla idirnáisiúnta nach mór margaíocht atá sonraithe go maith a bheith ina dteannta agus dreasachtaí chun daoine a spreagadh chun modhanna eile taistil a úsáid seachas an carr príobháideach. Cuirfimid i bhfeidhm clár chun Pleananna Taistil Pearsanta a chur chun cinn dírithe ar shaoránaigh i réigiúin a bhfreastalaíonn iompar poiblí orthu.

Earraí a bhogadh ó áit go háit

Tá sé ríthábhachtach dár n-iomaíochas agus dár leas eacnamaíoch go mbogfar earraí ó áit go háit go héifeachtach. Tá 65% dár n-Olltáirgeacht Intíre bunaithe ar easpórtáil earraí agus seirbhísí cé go seasann meán an 25 tír san Aontas Eorpach ag 30%. Faoi láthair iompraítear thart ar 95% de na hearraí uile ar an mbóthar agus tá breis is 30% d'astuithe gáis cheaptha teasa iompair ag teacht ón earnáil lastais. Mar a deirtear i gCaibidil a 3, teastaíonn sprioc ar leith san earnáil lastais chun fuinneamh agus astuithe a laghdú agus ár n-iomaíochas eacnamaíoch a fheabhsú ag an am céanna.

Pléadh go mion le lastas a bhogadh ó áit go háit i roinnt aighneachtaí a rinneadh ag an bpróiseas comhairliúcháin. Rinneadh moltaí ar leith ach níor chomhaontaigh gach duine ar na céimeanna a theastaíonn a thógáil chun earraí a bhogadh ó áit go háit níos inbhuanaithe. Bhí méid áirithe comhaontú áfach go dteastaíonn a thuilleadh taighde a dhéanamh ar an earnáil lastais sula gcinnfear an cur chuige is fearr.

Gníomh 10

- Cinnteoimid go ndéileálann an Roinn Iompair le ceisteanna polasaithe lastas ar bhealach níos comhtháite agus go n-ullmhóidh siad straitéis ar leith don earnáil lastais. Leagfaimid síos sprioc dírithe ar thionchar comhshaoil lastais a laghdú

agus ag an am céanna éifeachtacht i mbogadh earraí ó áit go háit a fheabhsú agus iomaíochas eacnamaíoch a chur chun cinn

- Fóram a eagrú chun na páirtithe leasmhara uile a thabhairt le chéile, lena n-áirítear gníomhaireachta forbartha tionsclaíocha agus comhlachtaí ionadaíocha tionsclaíocha, chun breathnú isteach níos doimhne i gceisteanna maidir le hearraí a bhogadh ó áit go háit, lena n-áirítear:
  - An fhéidearthacht réalaíoch le haghaidh lastas iarnróid
  - Tús áite a thabhairt do bhealaí lastas chun rochtain a thabhairt d'fheithiclí le lódfhachtóirí agus toilleadh níos mó
  - Príomhionaid loighistice a fhorbairt chun earraí a aistriú don seachadadh deiridh i réigiúin uirbeacha go modhanna níos inbhuanaithe taistil
  - Seachadtaí óna poirt agus ó réigiúin uirbeacha a sceidealú chun úsáid na ngréasáin ag buaic-uaireanta taistil a sheachaint chomh fada agus is féidir
  - Na dreasachtaí agus na dídhreasachtaí a theastaíonn chun athrú chuig feithiclí atá níos éifeachtaí ó thaobh breosla de
  - An gá atá le tástáil níos déine ar fheithiclí earraí chun astuithe a laghdú
  - An fhéidearthacht le haghaidh Córais agus Seirbhísí Iompair níos Ciallmhaire chun éifeachtacht a fheabhsú

Bearta Fioscacha a imreoidh tionchar ar Iompar i leith Taisteal

Bhí príomh-fhócas na caibidle seo den Pholasaí ar bhearta rialála chun ár bpleanáil spásúlachta agus ár gcóras iompair a ailíniú agus an caibidil dírithe ar dhreasachtaí chun modhanna eile taistil a spreagadh.

Ní bhainfidh na bearta seo leo féin na spriocanna uaillmhianacha amach a leagadh amach i gCaibidil a 3.

Mhol an doiciméad comhairliúcháin phoiblí go dteastódh bearta fioscacha freisin chun gníomhú mar dhídhreasacht chun taisteal gan gá i gcarr a dhéanamh agus moladh seacht mbeart difriúil ó chánacha breosla níos airde go scéim náisiúnta praghsála bóithre.

Thug an Rialtas isteach polasaithe fioscacha cuí cheana féin chun a chinntiú go mbeidh na córais Cáin Chláraithe Feithiclí agus Mótarcháin, ó mhí Iúil na bliana 2008 bunaithe go hiomlán ar astuithe CO_2 agus éagsúlacht mhór i rátaí ag brath ar dhéanamh an chairr agus na hastuithe a thagann astu. Tiocfaidh roinnt laghdaithe in astuithe CO_2 fiú sa ghearrthéarma ón athrú seo ach ní ar scála sách mór chun cur go suntasach lenár ndualgais idirnáisiúnta maidir le hathrú aeráide.

Bhí comhaontú de thoradh na bhfreagairtí sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí go dteastódh beart nó bearta fioscacha ach ní raibh aon aontoilíocht ar cén cineál ab fheiliúnaí.

Gníomh 11

I gcomhthéacs Thuarascáil an Choimisiúin um Chánachas a eiseofar i 2009 machnóimid ar bhearta fioscacha a chur i bhfeidhm atá dírithe go cúramach ar úsáid cairr a laghdú agus athrú chuig modhanna eile taistil a úsáid, a laghdóidh brú tráchta, a thuilleadh laghdaithe ar astuithe iompair agus iomaíochas eacnamaíoch agus cuimsiú sóisialta á gcur san áireamh.

Tabharfaimid faoi thaighde chun éifeachtacht an ghnímh seo a chinntiú, de réir mar is gá. Scrúdaigh an caibidil seo na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun éileamh taistil a laghdú. Déanann Caibidil a 5 cur síos ar modhanna eile taistil a chur ar fáil.

Caibidil a 5: Gníomhaíochtaí chun Malairt Modhanna Taistil a sheachadadh

Is rud amháin a spreagfaidh breis daoine chun iompar poiblí a úsáid ná seirbhís a imíonn go minic atá seasmhach, compordach agus sábháilte a thairiscint ar phraghas réasúnta. Tá sábháilteacht tábhachtach do dhaoine nuair a bhíonn siad ag rothaíocht agus ag siúl agus tá comhtháthú de na modhanna difriúla seo tábhachtach chun gur féidir leis an líon is mó daoine a bheith páirteach ann.

Tá an Rialtas ag déanamh infheistíochta gan fasach cheana féin i roghanna eile in áit iompar príobháideach. Faoi *Iompar 21*, beidh €15.8 billiún infheistithe in iompar poiblí suas go dtí an bhliain 2016. Is é an toradh a bheidh ar seo ná go mbeidh feabhas radacach i leibhéal agus in inrochtaineacht agus i gcaighdeán na seirbhísí iarnród agus busanna mórthimpeall na tíre agus i seirbhísí iompair uirbeacha - bus, iarnród éadrom, iarnród bruachbhailteach agus córas iarnróid faoi thalamh. Freastalóidh an infheistíocht seo ar suas go dtí 175 milliún paisinéir bhreise ina iomlán in aghaidh na bliana atá ag úsáid iompar poiblí. Tá sé cothrom le riachtanais iompair 10,000 comaitéir bhreise a shásamh roimh an bhliain 2020, i dtéarmaí daoine atá ag taisteal chun na hoibre.

Mar a leagadh amach i gCaibidil a 3, is é an dúshlán ná freastal ar tuairim is 500,000 duine ar mhodhanna eile seachas an carr roimh an bhliain 2020 agus tá sé soiléir go gcaithfear bearta breise a thabhairt isteach chun an sprioc seo a bhaint amach. Dá bhrí sin, díríonn an chaibidil seo ar an riachtanas gearrthéarmach chun na seirbhísí busanna a fheabhsú go mór agus moltaí samhlaíocha a thabhairt isteach atá bainteach le rothaíocht agus siúlóid agus tionscnaimh eile bainteach le húsáid níos fearr a bhaint as carranna. Is ceist mhór a chaithfear díriú uirthi ná riaradh spáis ar bhóithre, ag tabhairt tús áite do mhodhanna iompair níos inbhuanaithe.

Iompar Poiblí

Cuireann iompar poiblí cúnamh suntasach ar fáil chun daoine a thabhairt chun na hoibre/ionad oideachais agus d'fheidhmeanna eile taistil. D'úsáid 6.1% de dhaoine an bus mar mhodh taistil chun na hoibre sa bhliain 2006 agus d'úsáid 2.9% de dhaoine an tseirbhís traenach. D'ardaigh líon na bpaisinéirí agus tá go leor samplaí a léiríonn go bhfuil seirbhísí busanna d'ardchaighdeán ag dul in iomaíocht leis an gcarr, atá in uachtar mar mhodh taistil. Cé go bhfuil an líon iomlán a úsáideann iompar poiblí méadaithe thar an 20 bliain atá caite, tá an céatadán turais atá tógtha ar iompar poiblí laghdaithe agus tá iompar poiblí mar chúis go bhfuil an líon taistil iomlán ag laghdú.

Measaimid go gcaithfimid iompar poiblí a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais taistil 90,000 comaitéir bhreis roimh an bhliain 2020 chomh maith le 140,000 duine a mbeidh freastal á dhéanamh orthu ag Iompar 21. Beidh an bus lárnach chun na daoine breise seo a iompar.

Ní thosóidh comaitéirí ag tabhairt san áireamh an t-athrú taistil ó charr go bus nó go mbeidh buntáistí an bhus níos fearr ná na buntáistí a théann leis an gcarr. Nuair a bhí siad ag úsáid seirbhísí busanna go dtí seo, bhíodh go leor den bhéim curtha ar thosaíocht busanna níos fearr i gcomparáid le trácht eile ach níl sé seo sách maith chun pátrúnacht bhreise a sholáthar. Caithfidh seirbhísí busanna a bheith seasmhach, áisiúil, compordach agus imeacht go minic i rith an lae. Caithfidh am an aistir a bheith fabhrach i gcomparáid leis an gcarr, chomh maith le seirbhís agus eolas den chéad scoth a bheith ann do na custaiméirí. Is féidir le teicneolaíocht nua-aimseartha tacú leis na riachtanais seo.

Tugtar deontas bliantúil do sheirbhísí Chóras Iompar Éireann chun seirbhísí oibleagáid sheirbhís phoiblí (PSO) a chur i bhfeidhm agus gheobhaidh na comhlachtaí atá ann thart ar €308 milliún sa bhliain 2008, ina measc Bus Éireann (€36.9 milliún), Bus Átha Cliath (€80.8 milliún) and Iarnród Éireann (€191.5 milliún). D'ardaigh an deontas bliantúil 128% ón mbliain 1998. Tá an-dul chun cinn déanta ag cur feabhais ar sheirbhísí busanna le deich mbliana anuas trí:

- Busanna nua agus athsholáthar busanna ina measc €270 milliún i gcistí caipitil an Státchiste.

- Infheistíocht i mbearta a thugann tús áite do bhusanna agus
- Níos mó rannpháirtíochta a bheith ag an earnáil phríobháideach i soláthar seirbhísí.

Tá úsáid bus an-tábhachtach. go háirithe dóibh siúd nach bhfuil rochtain ar charr acu - daoine óga, daoine aosta agus daoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu. Má táimid chun úsáid iompar poiblí a chur chun cinn anseo in Éirinn, tá sé riachtanach seirbhís shábháilte inrochtana chomhtháite sheasmhach a chur ar fáil ar feadh 18+ uair sa lá in aon iarracht chun pátrúnacht a mhéadú agus níos mó úsáideoirí a mhealladh. Tháinig sé seo chun cinn go láidir san aiseolas a fuarthas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

Gníomh 12

Beimid:

- Ag cur bearta i bhfeidhm, chun trácht a bhainistiú agus tús áite a thabhairt do bhusanna, chun poncúlacht agus iontaofacht na seirbhíse bus a fheabhsú agus tacú le húsáid éifeachtach a bhaint as an gcabhlach bus. D'fhéadfadh sé go gcaithfí sráideanna uirbeacha a dhéanamh saor ó charranna agus gné cosúil le tram a chruthú ar shráideanna eile. Chaithfeadh busanna úsáid níos fearr a bhaint as bóithre/crua ghrua.
- A chinntiú go bhfuil seirbhísí bus athdheartha:
  - Chun an t-úsáid is fearr a bhaint as an gcabhlach bus
  - Chun bealaí busanna a chur ar fáil chun an t-éileamh a shásamh níos fearr agus chun riachtanais daoine faoi mhíchumas luaineachta a riar níos fearr.
  - Chun úsáid níos mó a bhaint as busanna friothálacha ó/go dtí stáisiúin Luas/Iarnród faoi thalamh/iarnród.
  - Chun scéimeanna ar nós Iompar Scoile/Tuaithe a leathnú amach go ceantair tuaithe eile.
  - Chun breis sheirbhísí bus cuarlána a bheith i gceantair uirbeacha.
  - Chun áiseanna maithe idirmhalartaithe iompar poiblí a bheith ann do gach duine.
  - Chun áit le haghaidh rothair a bheith ar bhusanna.
- Áiseanna páirceála níos fearr a chur ar fáil do bhusanna i mbailte agus i sráidbhailte níos lú agus scáthláin bus a chur ar fáil amuigh faoin tuath don té a bhíonn ag feitheamh ar bhusanna.
- Staidéar féidearthachta a thabhairt chun críche ar chórais Luathiompair Bus agus/nó córais luathiompair Iarnród Éadrom i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge sa bhliain 2009 agus rud éigin a dhéanamh faoi na torthaí.
- Eolas Fíor-Ama a chur i bhfeidhm do phaisinéirí ar sheirbhísí bus Bhaile Átha Cliath ar dtús agus é a chur i bhfeidhm de réir a chéile i gcathracha eile agus i gceantair tuaithe. Ceadóidh sé seo eolas láithreach a fháil ar fhóin póca agus ar an idirlíon agus beidh custaiméirí in ann déanamh amach cé mhéid ama atá an tsiúlóid go dtí stad an bhus. Cinnteoimid go mbeidh mapa maith agus sceideal eolais curtha ar fáil ag na scáthláin bus chomh maith.
- An t-aistriú go dtí teicneolaíocht chárta chliste mar thicéad d'iompar poiblí a thabhairt chun críche i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. Chun tacú le comhtháthú níos fearr, cuir táirgí ticéid comhtháite ar fáil go forleathan ar an gcóras chárta chliste agus laghdaigh go suntasach úsáid ticéad ar gá airgead tirim a bheith agat chun iad a cheannach.
- Gréasán comhtháite atá pleanáilte agus feidhm seachadta a chur i bhfeidhm i mórcheantar Bhaile Átha Cliath tríd Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath agus cinntiú go bhfuil modhanna i bhfeidhm chun comhtháthú mar sin a chinntiú taobh amuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Córais tairiscintí iomaíochta a thabhairt isteach le haghaidh seirbhísí oibleagáid sheirbhís phoiblí (PSO) thar agus os cionn na seirbhísí a chuireann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ar fáil i láthair na huaire

- Fóirdheontais oibleagáid sheirbhís phoiblí a cheangail le fás i bpátrúnacht
- Forbairt a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Córais agus Seirbhísí Iompair níos Ciallmhaire, i bpáirtíocht le gníomhaireachta agus príomh-scairshealbhóirí a leagfaidh an bunobair chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht fheabhsaithe an chabhlaigh busanna a bhainistiú agus poncúlacht seirbhíse níos fearr.

Gníomh 13

Beimid ag tairiscint seirbhís bhus uirbeach atá seasmhach i lár ceantar uirbeach substaintiúil, a chuireann an caighdeán seo a leanas ar fáil, ag tógáil san áireamh fachtóirí áirithe áitiúla:

- Bus bhealach/stad an bhus taobh istigh de 800 méadar de theach i gceantar uirbeach.
- Sceideal a thosaíonn ag 6 r.n. agus a chríochnaíonn ag 1 r.n., 7 lá na seachtaine ag brath ar éileamh.
- Minicíocht de 10 nóiméad ar a laghad ag buaicuaireanta agus minicíocht de 20 nóiméad nuair nach bhfuil buaicuaireanta ann.
- Idirbheartaíocht réamhíoctha gan airgead chun moill agus stopanna a laghdú.
- Leibhéal mínithe de chompord agus glaineacht ar fheithiclí.

De bharr an togra seirbhíse, caithfear busbhealaí atá ann cheana féin a athrú go hiomlán i gceantair uirbeacha, córas conartha trédhearcach chun fóirdheontas seirbhíse poiblí a dháileadh agus breis bhusanna a sholáthar chomh luath is a úsáidtear an cabhlach atá ann chomh fada agus is féidir.

Gníomh 14

D'áiteanna eile:

- Cuirfimid seirbhís iompair rialta a imíonn 7 lá na seachtaine ar fáil do phobail amuigh faoin tuath agus iad siúd i gceantair uirbeacha níos lú.
- Scrúdóimis an fhéidearthacht le haghaidh úsáid níos mó a bhaint as busanna scoile agus busanna atá maoinithe ag an bpobal mar "bhus iompair áitiúil" chun raon seirbhísí a thabhairt leis (i gcás na mbusanna scoile) an phríomhbhéim a bheith i gcónaí ar thabhairt na ngasúir ó agus go dtí na scoile ag na hamanna riachtanacha.
- Leanfaimid leis an obair mhaith ag an leibhéal áitiúil chun Clár Iompair Tuaithe a fhorbairt agus an gréasán a leathnú ar bhealaí eile, ar nós seirbhísí ag brath ar éileamh.
- Mar chuid den athbhreithniú reatha ar sheirbhís iompair scoile, scrúdóimis an critéir cáilitheachta reatha, in áiteanna nach féidir cosáin le haghaidh siúl agus/nó cosáin rothaíochta a chur ar fáil.
- Cuirfimid áiseanna páirceála agus taistil ar fáil ar imeall lárionaid uirbeacha mhóra agus idirmheánacha agus ag nóid iompair phoiblí, le ceangail iompair éifeachtacha leis an lárionad uirbeach.

Rothaíocht agus Siúl

De na modhanna taistil uile, is iad rothaíocht agus siúlóid a bhfuil an tionchar comhshaoil is ísle acu. Má chuirfimid rothaíocht agus siúlóid chun cinn mar roghanna réalaíocha eile in áit an carr príobháideach, caithfimid a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil siad sábháilte agus taitneamhach do dhaoine. Éireoidh go maith le háiseanna rothaíochta agus siúlóide san áit a bhfuil gréasáin chomhtháiteacha déanta agus a bhfuil béim ar shábháilteacht. Caithfear freastal go díreach ar na príomh-áiteanna a mbíonn daoine ag iarraidh dul ag taisteal, tús áite a thabhairt dóibh ar thrácht feithicle ag acomhail, áit a thabhairt dóibh atá saor ó bhaic agus a bhfuil a ndóthain soilse poiblí ann. Chomh maith leis sin, bheadh áiseanna tacaíochta ar nós páirceáil de rothair agus áiseanna chun éadaí a athrú agus cith a thógáil in ionaid oibre an-tábhachtach chun daoine a spreagadh chun rothair a úsáid.

Ina theannta sin, beidh rothaíocht agus siúlóid riachtanach chun cuid de na haidhmeanna atá sna polasaithe sláinte náisiúnta a bhaint amach agus aclaíocht á cur chun cinn. Sa chás Éireannach, tá líon na ndaoine atá i mbaol de bharr galair ainsealacha ar nós murtall, galair chroí agus sláinte intinne dhona ag méadú go sciobtha do dhaoine fásta agus do leanaí.

Ní féidir an tábhacht a bhaineann leis an dtreocht seo (easpa aclaíochta) agus ag déanamh birt chun cosc a chur ar ghalair ainsealacha a laghdú i dtéarmaí an chórais sláinte agus costais shóisialta, chlainne agus phobail. Tuairiscítear cheana féin go bhfuil 11% den daonra fásta ag maireachtáil le tinneas fadtéarmach, fadhb sláinte nó míchumas a chuireann teorainn lena ngníomhaíocht laethúil. Tá an Straitéis Sláinte Náisiúnta, Tuairisc an Tascfhórsa ar Mhurtall agus an Polasaí Áineasa Náisiúnta ag iarraidh níos mó béime a chur ar ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn mar bhunús le haghaidh sláinte a fheabhsú agus í a choinneáil go maith. Má théann duine ag rothaíocht nó ag siúl mar chuid de ghnáthamh laethúil, is é seo ceann de na bealaí is fearr le haghaidh stop a chur leis an dtreocht.

I 2006, thiomáin 45,000 duine níos lú ná 2km chun na hoibre agus thiomáin 160,000 duine breise 2-4km chun na hoibre. D'fhéadfadh na daoine seo aistriú ó charr go dtí rothaíocht/siúl ach de bharr cúiseanna difriúla, ní aistreoidh gach duine. Ba cheart gurbh fhéidir, áfach, líon suntasach a spreagadh chun an t-aistriú seo a dhéanamh.

Má bhaintear amach an fhís agus an uaillmhian le haghaidh úsáid talún agus pleanáil sa todhchaí leagtha síos sa Pholasaí seo, beidh breis áit ag an dá mhodh seo chun fáis. Chun córas iompair inbhuanaithe a bhaint amach, d'fheicfimis 450,000 duine ag siúl agus ag rothaíocht chun na hoibre/ionad oideachais gach lá sa bhliain 2020. Is méadú é seo ó 240,000 duine sa bhliain 2006.

Gníomh 15

Le déanaí d'fógair an Rialtas dreasacht chánach shochar comhchineáil chun comaitéireacht rothaíochta a chur chun tosaigh mar aon le hinfheistíocht chun caoi a choinneáil ar rotharbhealaí agus rotharbhealach ó Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh. Tá taighde déanta ag an Rialtas cheana féin ar an gcleachtas is fearr le haghaidh rothaíochta, agus tá straitéis foilsithe aige chomh maith chun cultúr rothaíochta a fhorbairt.

Is í ár bhfís ná cultúr rothaíochta láidir a chruthú in Éirinn agus cinntiú go mbeidh gach cathair, baile, sráidbhaile agus ceantar tuaithe áisiúil do dhaoine a bhíonn ag rothaíocht. Beidh rothaíocht mar an ghnáthbhealach le haghaidh taistil, go mór mhór turais ghearra. Beidh rothaíocht agus siúl ar na modhanna is coitianta chun taisteal ag an scoil - don bhunscoil agus don mheánscoil. Beidh ár n-Ollscoileanna agus ár gcoláistí lán go béal le rothair. Feicfidh lucht gnó gurbh é an rothar an bealach is fearr le taisteal ar chuid dá dturas chun na hoibre nó an turas ar fad. Is gnáthrud a bheidh i siopadóireacht le do rothar mar atá amhlaidh sna tíortha in Oirthear na hEorpa a bhfuil sé áisiúil a bheith ag rothaíocht iontu. Is é an rothar an modh iompair a roghnóidh daoine ag gach aois agus feabhsóidh sé sláinte agus laghdóidh sé leibhéil murtaill an daonra i gcoitinne agus caipiteal

sóisialta a charnadh. Déanfaidh sé maitheas den eacnamaíocht chomh maith mar go laghdóidh sé brú tráchta agus beidh an lucht oibre níos aclaí agus níos airdeallaí. Cuirfidh an cultúr rothaíochta seo ár dtionscal turasóireachta chun cinn chomh maith trí chuairteoirí a mhealladh chun dul ag rothaíocht anseo in Éirinn.

Beidh cultúr rothaíochta forbartha, sa mhéid is, roimh an bhliain 2020, feicimid tuairim is 160,000 duine ag rothaíocht ina gcomaitéireacht laethúil, aníos ó 35,000 i 2006. Cuirfear rothaíocht chun cinn mar mhodh taistil le haghaidh fáthanna eile sa chaoi go mbeidh 10% dár dturais á ndéanamh ar an rothar roimh an bhliain 2020.

Foilseoimid agus cuirfimid i bhfeidhm Creatlach an Pholasaí Náisiúnta Rothaíochta chun éifeacht a thabhairt don fhís seo. I measc na gceisteanna a dhíreoidh sé air, beidh:

- Cruthú lárionaid uirbeacha saor ó thrácht chun tacú le húsáid rothair.
- Infheistíocht i ngréasán rothaíochta náisiúnta agus tús áite tugtha do ghréasáin uirbeacha.
- Traenáil rothaíochta do leanaí scoile.
- Rothaíocht a chomhtháthú le modhanna eile iompair m.sh., áit le haghaidh rothair a bheith ar iompar poiblí.

Gníomh 16

Tá an Rialtas ag iarraidh cultúr siúlóide a chur i bhfeidhm in Éirinn. Sa chomhthéacs sin tá coinbhéirseacht láidir idir siúlóid mar shócmhainn turasóireachta agus siúlóid mar ghníomhaíocht caitheamh aimsire do chónaitheoirí áitiúla. Mar thoradh ar seo comhlánaíonn sé cultúr siúlóide mar mhodh iompair a úsáid ó lá go lá trí dhaoine a spreagadh chun siúlóide mar chuid de ghnáthamh.

Cinnteoimid go láidreofar gréasáin siúlóide uirbeacha trí dheiseanna siúlóide a mhéadú agus fáil



réidh le srianta mar chuid de phleanáil le haghaidh fearainn poiblí níos tarraingteacha, lena n-áirítear:

- Bealaí coisithe sábháilte a chur ar fáil
- Bealaí a chur ar fáil a dhéanann freastal ar thurais fostaíochta agus oideachais agus bealaí atá ceangailte le hiompar poiblí
- Tús aite a thabhairt do chomharthaí tráchta atá fabhrach le coisithe seachas feithiclí, ag ísliú amanna feithimh agus faid trasbhealaí ag acomhail
- Trasbhealaí ar ghrád cothrom a chruthú do choisithe trasna acomhail
- Limistéir níos mó saor ó thrácht a chruthú in ionaid uirbeacha
- Mura bhfuil sé míchuí, a chinntiú go gcruthaítear criosanna 30 km/u i limistéir uirbeacha lárnacha a chuirfidh slí ar fáil do thrácht innealta
- Cosáin a leathnú, áit a bhfuil sreabhadh ard coisithe, go háirithe cóngarach do noid iompair phoiblí
- Trealamh sráide nach dteastaíonn a ghlanadh ó chosáin, .i. cuíchóiriú ar chuaillí comharthaí srl.
- Caighdeán dromchla na gcosáin a fheabhsú
- Saoráidí atá deartha go hoiriúnach agus go sábháilte, atá soilsithe go maith, díreach agus leanúnach a chur ar fáil

- Comharthaí a chur suas ar bhealaí coisithe go ceann scríbe tábhachtacha laistigh de chathair mar shampla, foirgnimh poiblí agus nóid iompair phoiblí
- An dlí a chur i bhfeidhm maidir le cóngaracht spásanna coisithe trí mhótar fheithiclí, rothaithe, scipeanna agus baic eile.

Foilseoimid Polasaí Náisiúnta Siúlóide, a tharraingeoidh ar na ceachtanna agus na prionsabail atá forbartha cheana féin i gcomhthéacs forbairt conair turasóireachta agus caithimh aimsire. Cinnteoimid go gcomhcheanglaíonn an polasaí le forbairt an chórais conair náisiúnta le conairí náisiúnta caithimh aimsire agus ceangail a bheith iontu le hionaid uirbeacha. Mar a bhí i gcás an rothaíocht, déanfaimid taighde ar an gcleachtas is fearr go hidirnáisiúnta le haghaidh siúlóide. Ceadóidh sé seo sprioc a bhunú le haghaidh an sciar mhódúil siúlóide.

Gníomh 17

Úsáidtear a lán maoine stáit le haghaidh caitheamh aimsire agus fóillíochta. Cinnteoimid má tá sé indéanta, limistéir de thailte leis an stát mar, cosán tarraingthe, línte iarnróid nach n-úsáidtear anois, eastáit le Coillte, srl. a chur ar fáil chun conair siúlóide agus rothaíochta a fhorbairt.

Clubanna Carranna agus Roinnt Carranna

Beidh an carr mar mhodh iompair thábhachtach fós in Éirinn. Mar a dúradh níos túisce, níl an Polasaí seo ag iarraidh cosc a chur ar úsáid an chairr ach í mar aidhm aige bealaí taistil níos ciallmhaire a spreagadh, ar a bhfuil an carr mar cheann amháin de na modhanna .

Tá líon samplaí idirnáisiúnta de chuíchóiriú úsáide agus úinéireachta carr, a d'fhéadfadh deireadh a chur leis an ngá le níos mó ná carr amháin a bheith ag gach teaghlach. Áirítear leo seo, roinnt carranna, roinnt LIFT agus clubanna carranna.

Is éard atá i gceist le roinnt carranna ná daoine ag aontú aistir i gcarranna a roinnt, go háirithe ar a n-aistear laethúil cé go dtugann clubanna carranna rochtain ar charr nuair a theastaíonn sé seachas an gá a bheith le carr a cheannach. Tá tacaíocht tugtha ag an Roinn Iompair cheana féin do roinnt tionscadail phíolótacha maidir le roinnt carranna, ina measc tionscnamh amháin trasteorann i limistéar Dhoire/Dhún na nGall.

Tá staidéar déanta ar an bhféidearthacht le haghaidh clubanna carranna ag roinnt oibreoirí phríobháideacha cheana féin agus cé nach n-úsáidtear go forleathan an coincheap seo in Éirinn go dtí seo, bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí scéim píolótach i mí Iúil na bliana 2008.

Gníomh 18

Bunóimid suíomh gréasáin bunaithe ar charranna a roinnt a chuideoidh le fostóirí tionscnaimh mar seo a spreagadh san lucht oibre. Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun suíomh gréasáin a fhorbairt a bheadh bainteach leis an oileán uile.

Gníomh 19

Tacóimid le tionscnaimh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun scéimeanna clubanna carranna a bhunú anseo in Éirinn. Rithfimid reachtaíocht freisin chun spásanna páirceála ar an mbóthar a chruthú do chlubanna carranna trí chomharthaí cuí.

Iompar Innealta Eile

Léiríodh imní sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí nár breathnaíodh ar an ngluaisrothar mar

mhodh iompair níos inbhuanaithe ná an carr agus breathnaíodh ar mhodhanna pearsanta iompair nuaí mar *segways* atá ann.

Tá an sciar módúil le haghaidh gluaisrothair ag titim agus sheas sé ag 0.7% sa bhliain 2006. Tá sé deacair a thuaradh cén chaoi a athróidh úsáid an mhodha seo le himeacht ama, cé go bhféadfaí ardú ar an líon gluaisrothar bheaga le hastuithe íseal in aghaidh gach ciliméadar don phaisinéara a spreagadh, de thoradh sábháil ar astuithe agus faoiseamh ar bhrú tráchta ar aon.

Gníomh 20

Breathnóimid ar bhealaí chun tús áite a thabhairt do thrácht ar mhótar-iompar mar mhóipéidí agus *segways* i gceantair chúnga.

Bearta Comhtháthaithe

Leag Caibidil a 4 béim ar an ngá bunúsach atá le hiompar agus pleanáil spásúlachta a ailíniú. Tá gá práinneach chomh maith le haghaidh comhtháthú níos fearr ar na modhanna iompair éagsúla. Feictear é seo sa chlár *Iompar 21* a fheiceann gréasáin iompair phoiblí pleanáilte. Teastaíonn a thuilleadh a dhéanamh, áfach.

Gníomh 21

Tá socruithe ticéadú comhtháite i bhfeidhm cheana féin ar roinnt seirbhísí iompair mórthimpeall na tíre bunaithe ar theicneolaíocht stiall mhaighnéadach. Caithfear bunathrú a chur orthu seo chun cártaí cliste le luach a stóráil. Ní mór tús áite a thabhairt go deimhin d'úsáid níos forleithne ar thicéadú chárta cliste le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí. Tá scéim cárta cliste i bhfeidhm cheana féin ar sheirbhísí an Luas agus roinnt táirgí ticéadú ar Bhus Átha Cliath athraithe go teicneolaíocht chárta cliste. Tabharfaidh Iarnród Éireann isteach cártaí cliste i lár na bliana 2009 roimh fheidhmiú céimneach an chórais ticéadú comhtháite i mórcheantar Bhaile Átha Cliath níos deireanaí an bhliain sin.

Leathnófar amach scéim ticéadú comhtháite Bhaile Átha Cliath ar sheirbhísí Mearlíne Átha Cliath Iarnród Éireann agus ar sheirbhísí Iarnród Comaitéirí laistigh de 12 mí bhreise agus ar sheirbhísí Bhus Éireann ar bhonn píolótach ar líon áirithe dá bhealaí comaitéirí. Beartaítear freisin go mbeidh busanna príobháideacha eile istigh sa scéim le linn an tréimhse seo. Déanfaimid feidhmiú céimneach ar thicéadú comhtháite go mbeidh sé ar fáil ar réimse náisiúnta agus go dtacóidh sé le taisteal uile-Éireann. Chomhlánfadh ticéad taistil uile-Éireann an obair atá Turasóireacht Éireann a dhéanamh, a chuireann chun cinn oileán na hÉireann do chuairteoirí thar sáile. Scrúdóimid chomh maith an fhéidearthacht le haghaidh an cárta cliste a úsáid chun íoc as gníomhaíochtaí eile a bhaineann le hiompar, mar shampla tacsaithe agus roghanna eile ar nós socruithe idirlín agus fóin phóca le haghaidh ticéadú.

Gníomh 22

Ullmhóimid plean chun áiseanna páirceála agus taistil a bhunú le hais nóid iompair mhóra poiblí, ar forimeall na limistéir mhóra uirbeacha agus ag suíomhanna agus nóid lárnacha iompair phoiblí.

Leathnóimid amach scóip an scéim páirceála agus taistil chun saoráidí modhanna eile a chur san áireamh ar nós tacsaithe agus rothair (lena n-áirítear rothair a fháil ar cíos agus a dheisiú) ionas go mbeidh na roghanna seo ar fáil do chomaitéirí.

Gníomh 23

Cinnteoimid go mbeidh tús áite ar bhóithre do shiúlóid agus do rothaíocht chun rochtain a fháil ar acomhail lárnacha iompair phoiblí agus ar phoirt agus i gcás aerfoirt do rothaíocht.

Gníomh 24

Cruthóimid tairseach náisiúnta eolais taistil a chuirfidh pleanálaí aistir ar líne comhtháthaithe ar fáil le heolas faoi phaisinéirí i bhfíor-am, mar is cuí, do gach seirbhís iompair phoiblí. Oibreoimid trí Iompras Bhaile Átha Cliath agus údaráis áitiúla lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun comhtháthú níos fearr a bhaint amach ar amchláir iompair phoiblí.

Comharba ar an gClár Iompar 21

Molann *An Clár don Rialtas* comharba ar *Iompar 21*.

Gníomh 25

Tosóimid ar phleanáil comharba d'*Iompar 21* chun go mbeidh dréachtú ar chlár nua tugtha chun críche againn. Cinnteoidh sé seo go léireoidh an clár nua infheistíochta go hiomlán an creatlach polasaí sa Pholasaí seo, áit a dtugtar tús áite d'infheistíocht le haghaidh:

- Siúlóid
- Rothaíocht
- Iompar Poiblí
- Gluaiseachtaí lastais éifeachtacha
- Bearta boga ar nós bainistíocht soghluaisteachta
- Bearta Comhtháite
- Scéimeanna bóithre a chuireann buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíochta ar fáil.
- Saoráidí iompair eitlíochta agus muirí atá dírithe ar rochtain níos fearr chuig agus ón oileán .

Cinnteoimid go gcuirtear san áireamh fachtóirí seachtracha in aon anailís costas tairbhe, ar nós na tionchair comhshaoil agus sóisialta agus an clár

nua seo á mheas againn agus áit ar bith a bhfuil modhanna in iomaíocht le chéile ar phasáiste, tabharfar ualú níos mó don mhodh taistil is éifeachtaí. Bainfear úsáid as moltaí na Ranna Airgeadais faoi idirnáisiúnú astuithe gáis cheaptha teasa in anailís costais is tairbhe chun Treoirlínte Chreat Breithmheasa Chomónta na Ranna Iompair a athcheartú.

Tá cur chuige nua á dtabhairt chuig cothabháil infreastruchtúir maidir le tionchair comhshaoil. Mar shampla tá an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ag úsáid modh nua agus cothabháil á meas acu chun déileáil le tionchair an saolré.

Measaimid freisin an coincheap costais fuinnimh i dtionscadail sa todhchaí chun a chinntiú cé na hastuithe a shábháiltear thar saolré thionscadail áirithe.

Tá sí mar aidhm ag an gCaibidil seo agus ag an gceann roimhe seo iompraíocht i leith taisteal a athrú agus chun bealaí eile taistil a chur ar fáil. Déanann an chéad chaibidil eile cur síos ar bhearta chun réitigh teicneolaíochta chun úsáid fuinnimh agus astuithe ón earnáil iompair a ísliú.

Caibidil a 6: Gníomhaíochtaí chun Feabhas a Chur ar Éifeachtacht Mhótair-Iompair

I dteannta na mbearta chun laghdú a chur ar an méid a bhraitheann agus a úsáideann muid carranna, ní mór gníomhaíochtaí eile a mholadh chun feabhas a chur ar éifeachtacht an mhodh innealta iompair. Chuige sin, dírítear sa chaibidil seo ar bhearta chun fuinneamh a shábháil agus astuithe ó thaisteal innealta ar thalamh, ar an bhfarraige agus san aer a laghdú. Déileálann an chaibidil seo freisin le bearta rialála eile a bhfuil baint acu leis an téama seo nár díríodh orthu sna caibidlí roimhe seo.

NDP

Tá an gá le astuithe a laghdú á thiomáint ag gealltanas na hÉireann chun a sprioc a bhaint amach i bplean an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Tá tábhacht cothrom leis an ngá atá le coigiltí fuinnimh a bhaint amach. Braitheann Éire níos mó ar bhreoslaí iontaise ná an chuid is mó de na tíortha san Aontas Eorpach agus de thoradh na gcostais ola ag ardú, ní mór tionscnaimh níos uaillmhianacha a bheith níos éifeachtaí ó thaobh breosla de. Taispeánann go leor de na haighneachtaí ón bpobal agus an fhianaise idirnáisiúnta gur féidir coigiltí suntasacha a bhaint amach trí fheabhsaithe theicneolaíochta. I bhformhór na gcásanna is glacadóir teicneolaíochta í Éire agus braitheann sí mar shampla ar náisiúin dhéantúsaíochta feithiclí chun feabhsaithe teicneolaíochta a sholáthar. An cur chuige is éifeachtaí atá ag Éire ná trí theagmháil chun polasaí an Aontais Eorpaigh a chruthú ionas gur féidir an móiminteam idirnáisiúnta riachtanach le haghaidh nuálaíocht teicneolaíochta a bhaint amach. Mar sin féin, creideann an Rialtas go bhfuil sé tábhachtach go léiríonn gníomhaíochtaí aonair ag leibhéal náisiúnta an gealltanas don chineál athrú a theastaíonn, lena n-áirítear fáil réidh le teicneolaíocht nua-aimseartha ar infreastruchtúr iompair bóthair agus poiblí.

Eitlíocht

Mar náisiún oileánda le geilleagar oscailte, is nasc iompair thábhachtach í an eitlíocht dúinn. Tá comhcheangailteacht agus rochtain trí aerfoirt idirnáisiúnta agus réigiúnacha ríthábhachtach do thionscal na turasóireachta, a thug isteach €4.9 billiún in ioncam sa bhliain 2007 ó chuairteoirí eachtrannacha agus 322,000 duine fostaithe san earnáil turasóireachta agus fáilteachais. Ní easpórtáiltear ach 1% dár n-earraí san aer ach léiríonn a luach seo 17% den líon iomlán náisiúnta d'easpórtálacha.

Ina theannta sin, tá tacaíocht tugtha ag an Rialtas do líonra a fhorbairt d'aerfoirt réigiúnacha chun cúnamh a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach chothrom. Tá infheistíocht shuntasach déanta againn chomh maith chun rochtain a fheabhsú dár n-oileáin amach ón gcósta.

Gníomh 26

Aithníonn muid freisin an gá atá le hastuithe eitlíochta a laghdú agus muid ag dearbhú an tábhacht atá le heitlíocht d'Éirinn agus oibreoimid go dearfach lenár bpáirtithe san Aontas Eorpach chun an córas trádála astuithe a neartú maidir le heitlíocht. Leanfaimid orainn ag obair laistigh den Aontas Eorpach chun an tionscnamh Aeraspás Eorpach Aonair a chur chun cinn, atá ag iarraidh an córas aerloingseoireachta san Eoraip a athstruchtúrú ionas go bhfeabhsaítear an toilleadh agus go gcuirtear éifeachtacht chun cinn.

Is téarma é Bloc Aerspáis Feidhmeach a forbraíodh sa reachtaíocht faoin Aerspás Eorpach Aonair ag déileáil le bainistiú aerthráchta chun cur síos a dhéanamh ar chomhtháthú na socruithe ilroinnte atá ann faoi láthair d'fhoráil na seirbhísí aerloingseoireachta.

Tá na socruithe atá san Eoraip faoi láthair bunaithe de réir theorainneacha náisiúnta cé go bhfuil Bloc Aerspáis Feidhmeach tógtha timpeall ar shreabha tráchta. Cuspóir lárnach san tionscnamh ródú optamach agus próifíliú eitilte a sholáthar chun úsáid breosla a laghdú chomh maith leis na tionchair dhiúltacha chomhshaoil ghaolmhara.

Rinne Éire comhaontú leis an Ríocht Aontaithe i Meitheamh na bliana 2008 chun Bloc Aerspáis Feidhmeach a bhunú, an chéad cheann dá leithéid san Eoraip. Tá na socruithe dírithe ar chumas an chórais bhainistíochta aerthráchta a fheabhsú agus cosáin eitilte optamacha d'aerlínte a sholáthar.

Don chustaiméir aerlíne, cuideoidh sé chun moilleanna neamh-inmhianaithe a sheachaint de bharr srianta rialaithe aerthráchta agus ródú fo-optamach. D'aerlínte, beidh méaduithe éifeachtachta acu.

Gníomh 27

Déanfaimid athbhreithniú ar an fóirdheontais d'oibleagáid seirbhíse poiblí do sheirbhísí aeir réigiúnacha atá in úd athbhreithnithe sa bhliain 2011 maidir le dul chun cinn atá á dhéanamh ar sheirbhísí busanna agus iarnród á leathnú chun a chinntiú go dtabharfar tús áite i dtacaíocht don rogha taistil is inbhuanaithe. Roimh an bhliain 2011 beidh clár iarnróid idirchathrach *Iompar 21* tugtha chun críche agus cinnteoimid go mbeidh comhcheangailteacht idir sheirbhísí aerfort agus sheirbhísí iompair poiblí.

Iompar Muirí

Tá ár bpoirt ríthábhachtach dár leas náisiúnta freisin. Láimhseálann siad 99% dár n-easpórtálacha, trí thoirt agus cuireann siad seirbhísí luachmhara rochtana paisinéirí ar fáil don oileán. Is modh rochtana agus comhcheangailteacht ríthábhachtach iad d'oileáin amach ón gcósta agus a bpobail chónaithe. Aithnítear na buntáistí féidearthachta i dteagmháil idirnáisiúnta sa réimse seo– mar shampla, iad ag lorg cúnamh do loingeas clagfharraige, tá sé molta ag Éire , agus iad ag fáil tacaíochta ón Ísiltír agus ó thíortha eile, go mbunófaí Limistéar Loingseoireachta Eorpach ag leibhéal an Aontais Eorpaigh leis na Limistéir Gar don Chósta sna Ballstáit, agus san Íoslainn agus san Iorua chomh maith, áit ar féidir le soithí na mBallstát feidhmiú ann faoi na forálacha sa Choinbhinsiún maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Iomramh gar don chósta.

Gníomh 28

Beimid i dteagmháil dhearfach ag an leibhéal idirnáisiúnta chun a chinntiú go n-úsáidtear breoslaí nach ndéanann an oiread truaillithe, mar shampla driogáití atá íseal i sulfar in iompar muirí agus oibreoimid go dearfach ar fhorbairt ionstraimí nó meicníochtaí chun astuithe ó earnáil iompair mhuirí a laghdú.

Gníomh 29

Déanfaimid athbhreithniú ar an bpolasaí poirt freisin agus ar an Ráiteas Polasaí Poirt 2005 le léargas chun an éifeachtacht i mbogadh earraí a uasmhéadú agus i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an earnáil lastais a ndearnadh tagairt dí i nGníomh a 10, Caibidil a 4.

Bóithre

Gheobhaidh an infheistíocht €18 billiún mar chuid *d'Iompar 21* réidh le caolas tráchta, laghdóidh sí brú tráchta agus brú i gcathracha agus i mbailte agus cuirfear ar fáil na naisc infreastruchtúracha riachtanacha chun tacú leis an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta.

Gníomh 30

Téimid i gceann an dá chuspóir: sábháilteacht ar na bóithre agus laghdú astuithe trí luasteorainneacha oiriúnacha a chur i bhfeidhm níos fearr ar ár mbóithre.

Déanfaimid infheistíocht freisin i dteicneolaíocht nua-aimseartha don chóras bóithre dírithe ar eolas a fheabhsú d'úsáideoirí bóithre, tús áite a thabhairt do spás bóthair le haghaidh iompar poiblí, laghdú a dhéanamh ar ídiú breosla agus ar astuithe agus toilleadh a bharrfheabhsú d'iompar earraí agus taisteal gnó. De réir cosúlachta, istigh leis seo beidh imscaradh teicneolaíochtaí bainistiú teagmhais ar artairí na bpríomhbhóithre leis an léargas plódú tráchta a theorannú leis na hiarmhairtí dhiúltacha

a théann leo le haghaidh ídiú breosla agus astuithe. Le forbairt Plean Gníomhaíochta Córais agus Seirbhísí níos Ciallmhaire Iompair leagfar síos an bunsraith do dhul chun cinn ar an mír seo (féach ar Ghníomh a 12 freisin).

Fuinneamh In-athnuaite in Iompar agus i mBarainneacht Breosla.

Tá an Rialtas tiomanta do chinntiú go mbeidh 10% den fuinneamh a úsáidtear in iompar roimh an bhliain 2020 ag teacht as acmhainní in-athnuaite, atá inbhuanaithe, laghdú a chur ar an méid a bhraitheann muid ar bhreoslaí iontaise agus laghdú suntasach a dhéanamh ar astuithe gáis cheaptha teasa thar an saolré iomlán.

Gníomh 31

Sheol an tAire Trádála, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha páipéir comhairliúcháin phoiblí ar a mholtaí chun Oibleagáid Bith-bhreosla a thabhairt isteach sa bhliain 2010. Teastóidh leis seo gur bithbhreosla a bheidh i gcéatadán áirithe den bhreosla iompair bóthair a dhíolfar in Éirinn sa bhliain 2010 agus ceadóidh sin an sprioc a athrú sa mheánthéarma chun a chinntiú go sroichfidh Éire a sprioc fuinnimh in-athnuaite don earnáil iompair roimh an bhliain 2020.

Má táimid chun an sprioc 10% le haghaidh fuinneamh in-athnuaite in iompar a bhaint amach roimh an bhliain 2020, méadóimid an méid a chuireann bithbhreosla den dara glúin leis, agus cinnteoimid go dtiocfaidh bithbhreoslaí dúchasacha agus iompórtáilte ar aon leis an gcritéar inbhuanaithe atá leagtha síos ag an Aontas Eorpach. Tá na deiseanna ann chun bithbhreoslaí a tháirgeadh as fuíolltáirgí, nach bhfuil in iomaíocht le táirgeadh bia, mar shampla geir, meadhg, fuíoll olaí glasraí agus fiú dramhaíl bhardais, a lán atá á dtacú i láthair na huaire ag an Scéim Faoisimh Chánach Ola Mhianrach II.

Tá an Roinn Talmhaíochta agus Bia ag tacú le taighde tionscadail a bhfuil baint dhíreach acu le bithbhreoslaí trí Chlár Taighde Spreagtha Maoinithe na Roinne. Tá an taighde seo á dhéanamh ag Teagasc agus ag Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i gcomhar le hinstitiúidí taighde eile. Ón mbliain 2005, cuireadh €7 milliún ar fáil le haghaidh taighde a chlúdaíonn réimse leathan ábhar. Tacaíonn an Roinn Trádála, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le líon tionscadail, go háirithe sa réimse bithbhreoslaí den dara glúin, trí Chlár Thaighde Charles Parson.

Leanfaimid orainn ag tacú le hiarrachtaí chun barra fuinnimh dúchasach agus táirgeadh bithbhreosla a fhorbairt.

Gníomh 32

Tá teicneolaíochtaí malartacha eile féideartha ann do mhótar fheithiclí agus beidh tionchar suntasach acu seo de réir dealraimh i ndiaidh an bhliain 2020 mar a fhorbraítear an teicneolaíocht. Áirítear leo seo, feithiclí leictreacha plugáil isteach agus feithiclí breoslaithe ag hidrigin. Taispeánann an Rialtas a ngealltanas do na roghanna eile seo agus cuirfidh sé chun cinn na teicneolaíochtaí seo de réir mar a éiríonn siad inmhargaithe.

Cuirfimid a thuilleadh dreasachtaí ar fáil chun daoine a spreagadh chun athrú go teicneolaíocht feithicle leictreach, agus 10% dul i bhfód ar a margadh mar chuspóir faoin bhliain 2020.

Gníomh 33

Cuirfidh an Rialtas ceannasaíocht ar fáil trí theicneolaíochtaí ailtéarnacha a úsáid i gcabhlaigh feithiclí poiblí. Beimid ag iarraidh go n-ullmhóidh gach eagraíocht san earnáil phoiblí agus gach soláthraí iompair phoiblí plean le haghaidh athsholáthar cabhlaigh bunaithe ar an bhfeithicil agus an cineál breosla is inbhuanaithe.

Spreagfaimid an cabhlach tacsaithe agus na cabhlaigh busanna/cóistí príobháideacha a athrú go feithiclí/breoslaí ailtéarnacha. Athróimid scéimeanna cánach atá ann faoi láthair ionas nach mbeidh aon spreagadh ag daoine feithiclí a cheannach atá beag-éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus athrú a spreagadh go cabhlaigh níos inbhuanaithe.

Gníomh 34

Príomhghné den tionscnamh chun Cáin Chláraithe Feithiclí agus córais mótarchánacha bunaithe ar astuithe a athchothromú ná córas nua lipéadaithe a thabhairt isteach atá deartha chun na seacht mbandaí astuithe/cánach a léiriú. Tháinig an córas nua lipéadaithe i bhfeidhm ar an 1ú Iúil 2008 chun a bheith ar aon-tráth leis an struchtúr nua cáin bunaithe ar CO_2. Coinneoimid córas lipéadaithe agus córas Cánach Chláraithe Feithiclí agus córas Mótarchánach faoi athbhreithniú chun cinntiú go comhlíonann siad an dá chuspóir acu, mar atá cur chun tosaigh athrú chuig feithiclí ar lú a gcuid astuithe agus ioncam an rialtais lárnaigh agus na rialtas áitiúil a chosaint. Breathnóimid freisin ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag an gcóras lipéadaithe ar fheithiclí fleisc-bhreosla atá ábalta feidhmiú ar bhith-eatánól, agus an indéantacht cánachas astaithe a leathnú go feithiclí nach gcuirtear san áireamh iad sa chóras láithreach, m.sh. busanna agus feithiclí earraí, srl.

Tacóimid le moltaí an Aontais Eorpaigh chun meán-astuithe CO_2 do charranna a laghdú go 120g/km do gach feithicil nua roimh an bhliain 2012 trí cur chuige comhtháite de theicneolaíocht innill/barainneacht breosla a fheabhsú agus feabhas teicneolaíochta eile, .i. aerchóiriúchán níos éifeachtaí, táscairí iomlaoide giaranna agus srl. Áirítear i míreanna eile den straitéis seo, sprioc ar leith le haghaidh veaineanna, tacú do thaighde dírithe ar a thuilleadh laghdaithe in astuithe ó charranna nua chuig meán de 95g/km agus bearta chun tacú le feithiclí atá éifeachtach ó thaobh breosla de a cheannach.

Gníomh 35

Thacaigh an Rialtas le ról Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann maidir le clár taighde den scoth a fhorbairt i limistéir straitéiseacha agus leathnaíodh é seo le gairid agus cuireadh fuinneamh inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de san earnáil iompair san áireamh. Beimid ag éileamh go dtabharfaidh Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun cinn moltaí ar leith, a éiríonn as a dtéarmaí tagartha leathnaithe maidir leis an earnáil iompair.

Iompraíocht Tiománaí

Taispeánann fianaise gur féidir le hiompraíocht tiománaí ("éicithiomáint") tionchar mór a imirt ar an méid fuinnimh agus astuithe a thagann ó fheithicil agus is féidir le tiomáint níos éifeachtaí astuithe a laghdú 10% agus spáráil níos lú san fhadtéarma trí thiomáint go réidh, monatóirí breosla ar bord a úsáid and luasghéarú faoi dheifir agus coscánú iomarcach a sheachaint.

Gníomh 36

Cuirfimid isteach modúl ar thiomáint éifeachtach mar chuid de Rialacha an Bhóthair agus den tástáil tiomána náisiúnta. Beimid ag éileamh chomh maith go gcinnteoidh gach údarás poiblí go mbeidh oiliúint faighte ag a dtiománaithe i dtiomáint éifeachtach agus go mbeidh sé seo mar chuid dá sonrú poist. Cinnteoimid go mbeidh fócas leanúnach ar an gceist faoi iompraíocht tiománaí mar chuid d' Fheachtas Feasachta Athrú Aeráide. Déanfaimid coimisiúnú ar thaighde chun an teicneolaíocht ar bord a chinntiú is féidir a thabhairt isteach i bhfeithiclí poiblí chun iompraíocht éicithiomáint a neartú agus tiomáint éifeachtach a chur chun cinn sa tionscail tarlaithe.

Caibidil a 7: Gníomhaíochtaí a Chinnteoidh Seachadadh Comhtháite an Phlean

Déanann an chaibidil seo cur síos ar na hathruithe institiúideacha agus reachtaíochta nach mór a chur i bhfeidhm ionas gur féidir spriocanna uaillmhianacha an Rialtais a thabhairt chun críche, chomh maith leis seo déanann an chaibidil tagairt de na hamlínte a thugtar do na gníomhaíochtaí seo.

Bus Eireann

Ní féidir an Polasaí seo a chur i bhfeidhm gan gníomhaíocht i ngach aon rannóg Rialtais chomh maith le caidrimh oibre níos dlúithe ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tríd an tActh um Iompras Bhaile Átha Cliath 2008, ghlac an Rialtas an chéad chéim chun eagar feabhsaithe a chur ar sholáthar seirbhísí taistil comhtháite go sainiúil le pleanáil spásúlachta ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Chuir mórchuid na bhfreagairtí sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí fáilte roimh bhunú Iompras Bhaile Átha Cliath mar a bhí beartaithe ag an am, ach ní raibh aon chomhaontú soiléir ann conas seirbhísí comhtháite áitiúla a sholáthar lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Mhol roinnt freagairtí Údarás Náisiúnta Iompair a bhunú, trí ghníomhaireachtaí atá ann cheana a chónascadh chun ról Iompras Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh ar bhonn náisiúnta. Ar an láimh eile,bhí freagairtí a mhol go mba cheart na húdaráis áitiúla a bheith freagrach as seirbhísí comhtháite iompair a sholáthar, b'fhéidir, a eagrófaí go réigiúnach.

Sa Chlár Rialtais, tá gealltanas tugtha scrúdú a dhéanamh ar an riachtanas i gcomhar Rialtóir Náisiúnta Iompair a bheadh freagrach as soláthar seirbhísí comhtháite lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Leagann an chaibidil seo amach an méid atá beartaithe againn ó thaobh athruithe institiúideacha, ag glacadh san áireamh freagairtí an phobail agus an próiseas athchóirithe atá ar bun sa tseirbhís phoiblí.

Reachtaíocht Uileghabhálach

Ó thaobh ceist na saincheisteanna institiúideacha de, ní féidir linn neamhaird a dhéanamh ar an ngá atá le reachtaíocht uileghabhálach a chur i bhfeidhm chun tacú le fís taistil agus iompair inbhuanaithe an Rialtais.

Gníomh 37

Seolfaimid an Bille um Thaisteal agus Iompar Inbhuanaithe. Déanfaidh sé seo cíoradh ar an fhéidearthacht dlíthiúil a bhaineann le ordlathas modhanna taistil bunaithe ar inbhuanaitheacht: déileálfaidh an t-acht le neamhréireacha maidir le soláthar ar shiúlóid, rothaíocht, coincheapa úra ar nós carr-chlubanna agus na freagrachtaí institiúideacha nua atá riachtanach a chur ar fáil. Beidh an tActh thuasluaite mar chomhlánú ar an mBille um Rialáil Iompar Phoiblí, rud a bhunóidh córas rialúcháin nua-aoiseach do sheirbhísí iompair phoiblí.

Comhordú ag Leibhéal Rialtais

Gníomh 38

Coinneoimid an Grúpa Oibre Idir-rannach a chabhraigh leis an bPolasaí seo a chur le chéile. Beidh an grúpa seo freagrach as comhairle a chur

ar fáil don Rialtas ar dhul chun cinn feidhmiúcháin an Pholasaí agus athruithe a mholadh ar an straitéis uile mura mbíonn spriocanna dhá mbaint amach.

Gníomh 39

Bunóimid Oifig Náisiúnta Taisteal Inbhuanaithe fócasaithe mar fho-roinn sa Roinn Iompair a bhreathnóidh i ndiaidh seachadadh cuid mhaith de na tionscnaimh sa Pholasaí seo, i gcuideachta, de réir riachtanais, le hIompras Bhaile Átha Cliath agus gníomhaireachta eile. Go sonrach beidh sé i mbun:

- Comhairle a sholáthar ar iompar inbhuanaithe i leith treoirlínte pleanála forbartha
- Treoracha náisiúnta a dhréachtú ar phleananna taistil áitiúla agus comhairle shaineolach a thabhairt don Aire Iompair ar phleananna mar seo atá socraithe ag Rialtais Áitiúla
- Monatóireachta a mhaoiniú agus a dhéanamh ar Phleananna Bainistiú Gluaiseachta
- Polasaithe náisiúnta a fhorbairt i leith rothaíocht agus siúlóid, agus breathnú i ndiaidh a gcur i bhfeidhm
- Scéimeanna náisiúnta carr-roinnt agus carr chlubanna a bhunú
- Scéimeanna taispeántais a fheidhmiú ar nós an togra Bailte Taistil Inbhuanaithe
- Tacú le traenáil bainteach le hiompar in údaráis áitiúla agus socruithe gréasáin
- Comhairle a thabhairt i leith forbairt Múnla Iompair Náisiúnta
- Tacú leis an nGrúpa Oibre Idir-rannach atá i mbun monatóireachta ar an bPolasaí seo.

Socruithe Eile ar Leibhéal Náisiúnta

Gníomh 40

D'fhógair muid cheana go mbunóidh muid Iompras Bhaile Átha Cliath chun Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, Coimisiún Rialaithe Tacsaithe agus feidhmeanna eisiúna ceadúnas iompair phoiblí de chuid na Ranna Iompair a ionchorprú. Beidh feidhmeanna a bhaineann le Rialaitheoir Náisiúnta Iompair san áireamh chomh maith maidir le seirbhísí iompair phoiblí. Iarrfaidh muid ar ghníomhaireachta reatha iompair eile san earnáil phoiblí tuiscint nach mór dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid misin chun iad a thabhairt ar chomhréim leis an gcreatlach polasaí nua atá leagtha síos sa Pholasaí.

Gníomh 41

Cruthaíonn Iompras Bhaile Átha Cliath creatlach a chinntíonn comhsheasmhacht idir treoirlínte pleanála réigiúnacha, Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúla ar thaobh amháin agus straitéis iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar an láimh eile. Beidh ról lárnach ag Iompras Bhaile Átha Cliath i gcur i bhfeidhm an Pholasaí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Seachadadh ar Leibhéal réigiúnach agus Áitiúil

Sa ról leathnaithe thuas, oibreoidh An Roinn Iompair go dlúth le húdaráis áitiúla sa chaoi is go gcinnfear comhcheangal feabhsaithe idir úsáid inbhuanaithe talún agus pleanáil iompair.

Gníomh 42

Ag forbairt ar chur chuige na Straitéisí Úsáide Talún agus Iompair (féach Gníomh 3), spreagfaimid údaráis áitiúla chun pleananna iompair a dhréachtú mar chomhlánú ar a bpleananna forbartha.

Leagfaidh na Pleananna Iompair síos spriocanna i leith seirbhísí inbhuanaithe taistil agus iompair sna ceantair áirithe a bhaint amach. Bronnfar cumhachtaí ar an Aire Iompair i leith na bpleananna seo, mar atá ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ó thaobh pleananna forbartha di.

Beidh súil againn go gcuirfidh údaráis réigiúnacha spriocanna i dtreo athraithe chuig modhanna taistil inbhuanaithe san áireamh sa chéad athbhreithniú reachtúil eile do na Treoirlínte um Phleanáil Réigiúnach.

Socruithe Uile-Oileán

Is í An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) an phríomh-mheicníocht i leith comhoibriú trasteorann. Ó thaobh cúrsaí iompair di, tá dul chun cinn sásúil déanta tríd an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas ar roinnt ceisteanna, ar nós tograí bóthair agus iarnród trasteorann, aitheantas frithpháirtigh ó thaobh pionóis tiomána agus i scéimeanna píolótacha ar nós scéimeanna beartaithe carr-roinnt i gceantar Dhún na nGall/Doire agus iompar tuaithe. I réigiún an teorainn, tá sé inmhianaithe go ndéanfaí straitéis iompair áitiúil a chur ar chomhréim agus go mbeadh fíricí bainteach le himpleachtaí bearta nua comhoiriúnach ar bhonn trasteorann.

Gníomh 43

Leanfaimid ag obair lenár gcomhghleacaithe i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann chun teacht ar fhreagairtí phraiticiúla a chuirfidh feabhas ar inbhuanaitheacht taistil ar fud an oileáin agus, go háirithe, a chinnteoidh comhordú agus comhtháthú idir tionscnaimh iompair inbhuanaithe sa dhá dhlínse. I gcaibidil níos luaithe thagraíomar do thionscnaimh indéanta uile-oileán ar nós suíomh idirlín carr-roinnt. D'fhéadfaí an comhoibriú a leathnú chomh fada le tionscnaimh thaispeántais ar nós bailte iompair inbhuanaithe agus brandáil agus feachtais feasachta (féach na Gníomhaíochtaí seo a leanas).

Bailte agus Ceantair Taispeántais Taistil Inbhuanaithe

I dtíortha ar fud na hEorpa, tá roinnt tionscnaimh faoi lán seoil ag tacú le deá-chleachtais go háitiúil. Idir bhailte taispeántais taistil agus bailte rothaíochta. Smaoineamh eile atá dhá chíoradh is ea bailte taistil sláinte. Sa Pholasaí seo, tá sé tábhachtach go seolfaí bearta tacaíochta mar chomhlánú ar aon dualgais rialúcháin a chuirtear ar údaráis áitiúla, ní hamháin mar threoir agus tacaíocht ón Roinn Iompair, ach trí aithint agus cur i bhfeidhm samplaí de dhea-chleachtais inbhuanaitheacht iompair go háitiúil.

Gníomh 44

Bunóimid agus cabhróimid le comórtas náisiúnta ina mbeidh sé mar aidhm sár-shamplaí bailte agus ceantair tuaithe taistil inbhuanaithe a chur chun cinn. Ar leibhéal náisiúnta, beartóimid páirtíocht idir an Roinn Iompair, An Roinn Sláinte agus Leanaí (tríd an bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte) agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil chun tacú leis an tionscnamh seo. Déanfar maoiniú a sheoladh trí na Rialtais áitiúla a bheidh freagrach freisin as comhordú na dtionscnaimh beartaithe. Mar chuid den tionscnamh seo, déanfar iniúchadh, tríd an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas, ar an bhféidearthacht i leith aon chomhcheangail le scéim beartaithe i dTuaisceart Éireann.

Gníomhaíochtaí Gaolmhara Eile

Beidh ról lárnach tacaíochta ag Oideachas, Traenáil agus Feasacht i seachadadh an Pholasaí. Tá €15 milliún curtha ar fáil cheana féin ag an Rialtas do Fheachtas Feasachta Athrú Aeráide agus beartaímid go mbeidh feasacht ó thaobh iompraíocht tiománaí mar ghné amháin den fheachtas sin.

Gníomh 45

Cinnteoimid go mbeidh traenáil sna deá-chleachtais curtha ar na baill foirne cuí in údaráis áitiúla agus i ngníomhaireachta stáit ionas go ndéanfar daingniú ar bhun-phrionsabail an taistil inbhuanaithe sna heagraíochtaí sin. Rachaimid chun cainte le hinstitiúidí tríú leibhéal freisin chun a chinntiú go mbeidh taisteal inbhuanaithe mar ghné thábhachtach i gcúrsaí atá dírithe i dtreo cáilíochtaí in ábhair ar nós innealtóireacht shibhialta, pleanáil réigiúnach agus uirbeach agus riaracháin phoiblí.

Gníomh 46

Iarrfaimid ar an Roinn Iompair brandáil a fhorbairt chun tacú le coincheap an taistil níos ciallmhaire agus dul chun cainte lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ó thaobh an fhéidearthacht branda cosúil leis an mbranda aitheanta *Travelwise* a úsáid ar bhonn uile-oileán. Cinnteoimid freisin go ndéanfar leathnú ar an bhfeachtas feasachta fuinnimh “Power of One” chun na hathruithe riachtanacha in iompar phearsanta a phlé chun tacú leis an bPolasaí seo. Déanfaimid ár ndícheall an branda a úsáid chun comhordú a dhéanamh ar thionscnaimh feasachta trasteorann ar nós an tSeachtain Náisiúnta Rothaíochta nó an tSeachtain Náisiúnta Soghluaisteachta.

Gníomh 47

Bunóimid ciste tacaíochta nuálaíocha i gcomhar tionscnaimh taistil inbhuanaithe ina bhfuil sé de chumas iompraíocht pearsanta taistil a athrú nó impleachtaí comhshaoil a laghdú.

Gníomh 48

Sa doiciméad comhairliúcháin phoiblí thugamar comhairle ar na bearnaí sonraí reatha d’iompar in Éirinn.

Cuirfimid tús le Suirbhéireacht Náisiúnta Taistil, Iompair agus Soghluaisteachta Teaghlaigh chun tacú le haidhmeanna agus spriocanna an Pholasaí seo. Meastar gurbh fhearr é seo a fhorbairt trí chomhoibriú leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Tabharfaidh torthaí a eascraíonn as an tsuirbhéireacht seo an deis dúinn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus cur i bhfeidhm an Pholasaí. Bunóimid freisin an Gréasán Náisiúnta Iompair. Bainfidh sé seo úsáid as fíricí atá ann cheana féin chomh maith le fíricí bailithe ón tsuirbhéireacht náisiúnta. Beidh sé riachtanach fíricí, ionchuir agus cúnamh a iarradh ar sholáthraithe agus ar ghníomhaireachta iompair ionas gur féidir gréasán cuimsitheach náisiúnta a fhorbairt.

Caibidil a 8: Dul Chun Cinn: Gearrtéarmach, Meántéarmach agus Fadtéarmach

Measaimid go mbeidh costas €4.5 bhilliúin ar an bPolasaí seo a chur i bhfeidhm. Má chuimhnítear ar na dúshláin domhanda agus náisiúnta atá ós ár gcomhair, agus ag brath ar an bhfuil acmhainní ar fáil, tá na spriocanna seo a leanas leagtha síos táscach. Caithfear feabhsaithe san airgeadas poiblí a chur ar chomhréim le dul chun cinn cuid de na mórthionscnaimh. Ag an Rialtas atá a chinntiú faoi mhaoiniú an phlean de réir paraiméadar eacnamaíoch agus buiséid. I dtús báire, áfach, bainfidh An Roinn Iompair feidhm as athbhreithneamh *Iompar 21* atá le teacht mar fhaill chun a chlár mór infheistíochta a scrúdú agus deimhin a dhéanamh de go gcomhlánaíonn sé go hiomlán cuspóirí níos leithne an Pholasaí. Tugann *Iompar 21* infheistíocht iomlán de €34 billiún go dtí 2015 agus is léir go bhfuil deiseanna ann chun céimeanna tábhachtacha ar aghaidh a dhéanamh maidir le cuspóirí an Pholasaí a bhaint amach faoin achar ama seo. Beidh céad chéim an Pholasaí den chuid is mó bainteach le bunú socruithe institiúideacha nua agus athruithe dlíthiúla agus treoirlínte bainteach le taisteal agus pleanáil, agus infheistíocht déanta ann ina dhiaidh sin. Is é an dúshlán mór a bheidh sa tréimhse seo ná an t-athrú ó bhonn ar sheirbhísí busanna chomh maith le háiseanna páirceála agus taistil a fheabhsú, a chur chun cinn. Leanfar le taighde ar bhearta fioscacha chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn.

Ina theannta sin, cuirfimid polasaithe siúlóide agus rothaíochta chun cinn. Tosófar tionscadail thaispeána chomh maith agus cuirfear chun cinn scéimeanna reatha a bhaineann le soghluaisteacht sa scoil agus in áit na hoibre.

Gníomh 49

Déanfaidh an grúpa oibre idir-rannach tuairisc ar dhul chun cinn an Pholasaí seo i gcoinne na spriocanna agus i gcoinne na hamlínte táscacha leagtha amach in Aguisín 1 den doiciméad seo. Teastóidh tuarascáil den dul chun cinn a sheoladh chuig an Rialtas gach dara bliain. Cuirfear an chéad tuarascáil faoi bhráid an Rialtais sa bhliain 2010.

Glossary

Bainistiú Soghluaisteachta: Meicníocht chun éileamh iompair a bhainistiú é seo atá ag iarraidh riachtanais iompair daoine agus earraí a riar agus úsáid níos éifeachtúla an líonra iompair a spreagadh. Is féidir é a chur i bhfeidhm mar uirlis bhainistiú éilimh straitéiseach nó mar bheart sainiúil don láthair.

CATT: An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

CBL: Cáin Bhreisluacha

CO_2-Coibhéisí: astuithe gáis cheaptha teasa, CO_2, ocsaíd nítriúil (N_2O) agus meatán (CH_4), coigeartaithe faoi choinne poitéinsil théite dhomhanda.

Criosanna Forbartha Straitéisí: Ainmniú pleanála de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun faomhadh chead pleanála a éascú le haghaidh forbairtí poiblí agus príobháideacha

IBAC: Iompras Bhaile Átha Cliath, atá freagrach as pleanáil, as maoiniú agus as cur i bhfeidhm an bhonneagair, na seirbhísí agus an bhainistithe iompair phoiblí taobh istigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, i ndiaidh an Achta um Iompras Bhaile Átha Cliath 2008

Iompar 21: Clár an Stáit chun €34 billiún a infheistiú i mbonneagar iompair sa tréimhse 2006-2015

Moil: Áiteanna lonnaithe iad seo, ainmnithe sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, a thacaíonn ról náisiúnta agus idirnáisiúnta na dTairsí agus, ar a seal, fuinnmhíonn siad na bailte níos lú agus na ceantair faoin tuath atá ina réimse tionchair. Tá Caisleán an Bharraigh/Béal an Átha, Tuaim, Inis, Trá Lí/Cill Airne, Mala, Cill Chainnigh, Loch Garman, an Cabhán agus Muineachán ina measc.

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cill Dara, an Mhí agus Cill Mhantáin

Mt: Meigeatonaí/milliún tona

PFN: Plean Forbartha Náisiúnta, ar clár do bhonneagar agus do sheirbhísí poiblí é a infheisteoidh €184 billiún i rith na tréimhse 2007-2013 agus a aidhm aige fás eacnamaíoch inbhuanaithe, níos mó cuimsiú sóisialta agus forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach

Sciar/Deighilt Mhódúil: Cóimheas taistil le meán áirithe in aghaidh taistil iomláin.

Straitéis Náisiúnta Spásúlachta: Creatlach pleanála do Éirinn i rith na tréimhse 2002-2020 atá ag iarraidh forbairt réigiúnach chothrom a bhaint amach agus a chuireann chun cinn limistéir mhaise criticiúla trí líonra Tairsí agus Mol

Tairsí: Áiteanna lonnaithe, ainmnithe sa Straitéis Náisiúnta Spásúlachta, a bhfuil suíomh straitéiseach acu, go náisiúnta agus i gcoibhneas leis an gceantar timpeall orthu, agus soláthraíonn siad seirbhísí sóisialta, bonneagair eacnamaíoch agus tacaíochta ag leibhéal náisiúnta. Ina measc tá Leitir Ceanainn, Sligeach, Luimneach/Sionainn, Corcaigh, Port Láirge, Baile Átha Luain/an Muileann gCearr/Tulach Mór, Baile Átha Cliath agus Dún Dealgan

smartertravel >>>

Department of Transport
An Roinn Iompair

Transport House, 44 Kildare Street,
Dublin 2, Ireland.

Tel: 353 1 670 7444
LoCall: 1890 44 33 11
Web: www.smartertravel.ie